**Leamhcán go Lár na Cathrach Scéim Croí-Conair Bhus**

Deireadh Fómhair 2022

# Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta

**Imleabhar 1**

Achoimre Neamhtheicniúil

BUS CONNECTS

SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Jacobs ARUP SYSTRA

## Clár an ábhair


**1. Réamhrá ... 1**
1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí ... 4
1.2 Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) ... 5
**2. Próiseas Measúnachta na dTionchar Timpeallachta ... 5**
2.1 Próiseas an EIA ... 5
**3. Gá atá le Scéim Bheartaithe ... 6**
3.1 Comhthéacs ... 6
3.2 Tionscadal Éireann 2040 - Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ... 6
3.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 ... 6
3.4 Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ... 7
**4. Comhairliúchán ... 8**
4.1 Comhairliúchán Roghanna EPR ... 9
4.2 Comhairliúchain PRO ... 9
4.3 Comhairliúchán leis na Comhlachtaí Forordaithe agus Comhairlithe Eile ... 9
4.4 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún ... 10
4.5 Comhairliúchán le Cónaitheoirí Áitiúla agus Grúpaí Gnó ... 10
**5. Roghanna Malartacha a smaoiníodh orthu ... 10**
5.1 Roghanna Malartacha Straitéiseacha ... 10
5.2 Roghanna eile an bhealaigh ... 11
5.3 Roghanna Deartha eile ... 12
**6. Cur síos na Scéime beartaithe ... 13**
6.1 Cuid 1: Acomhal N4 3 go dtí Acomhal 7 M50 - Bóthar Leamhcáin N4 ... 14
6.2 Cuid 2: Acomhal M50 7 go dtí Bóthar Choinn Colbaird R148 - seachbhóthar Bhaile Phámar R148 agus seachbhóthar Shéipéil Iosóid ... 16
6.3 Cuid 3: Bóthar R148 Choinn Colbaird go dtí Lár na Cathrach - Bóthar Eoin Thiar ... 17
**7. An Tógáil ... 18**
7.1 An Plean Bainistíochta agus Comhshaoil maidir le Tógáil ... 23
7.2 Plean Bainistíochta Tráchta maidir le Tógáil ... 23
**8. Tionchair timpeallachta agus a Maolú ... 24**
8.1 Trácht & Iompar ... 25
8.2 Caighdeán an Aeir ... 26
8.3 An Aeráid ... 27
8.4 Torann & Creathadh ... 28
8.5 Pobal ... 29
8.6 An tSláinte Daonna ... 30
8.7 Bithéagsúlacht ... 32
8.8 Uisce ... 34
8.9 Talún, Ithreacha, Geolaíocht & Hidreolaíocht ... 36
8.10 Oidhreacht Seandálaíochta agus Cultúrtha ... 36
8.11 Oidhreacht Ailtireachta ... 37

8.12 Tírdhreach (Bailedhreach) & Físiúil ........ 39
8.13 Dramhaíl & Acmhainní ........ 41
8.14 Sócmhainní Ábhair ........ 43
8.15 Riosca Mórthimpistí agus / nó Tubaistí ........ 45
8.16 Tionchair Charnacha agus Idirghníomhaíochtaí Comhshaoil ........ 46
**9. Cad a Tharlaíonn Ar Aghaidh? ........ 48**

# 1. Réamhrá

Is é an Achoimre Neamhtheicniúil (NTS) ar an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) don Scéim Chonair Bus idir Leamhcán agus Lár na Cathrach é an doiciméad seo (dá dtagraítear an Scéim Bheartaithe le linn an NTS seo). Tacóidh an Scéim Bheartaithe le húsáid iompair chomhtháite agus inbhuanaithe trí fheabhsuithe ar an mbonneagar do thaisteal gníomhach (an siúl agus an rothaíocht araon), agus soláthar bhearta tosaíochta do bhusanna feabhsaithe le haghaidh seirbhísí atá ann cheana (idir phoiblí agus phríobháideach) agus na seirbhísí ar fad a bhainfidh úsáid as an gconair.

Tá fad foriomlán de thart ar 9.7km ag an Scéim bheartaithe agus tosaíonn sé ag Acomhal 3 ar an mBóthar N4 Leamhcáin / seachbhóthar Leamhcáin. Ón acomhal Bhóthar R136 Bhaile Eoghain leis an mBóthar R835 Leamhcáin, rachaidh an Scéim bheartaithe soir thíos an Bóthar R835 Leamhcáin go dtí an timpeallán atá ag freastal ar an bPáirc Mhiondíola Leamhcáin agus ar an slios soir den Bhóthar N4 Leamhcáin. Leanfaidh an Scéim Bheartaithe ar aghaidh tríd an N4 (ag dul thar an Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life ag Acomhal 2) chomh fada leis an Acomhal 7 M50 agus tríd an R148 ina dhiaidh sin feadh seachbhóthar Bhaile Phámar, seachbhóthar Shéipéal Iosóid, Bóthar Choinn Colbaird, Bóthar Eoin Thiar ag críochnú ag Droichead Phroinsias Uí Shearbháin, an áit a bhuailfidh sé leis an gcóras bainistíochta tráchta atá ann cheana féin ar na Céanna ó dheas. Cuirtear bealach na Scéime Bheartaithe i láthair in Íomhá 1.1, agus tá líníochtaí leagan amach ginearálta curtha leis an NTS seo.




**Íomhá 1.1 Bealach na Scéime Beartaithe**

Cuirfidh an Scéim Bheartaithe go mór leis an taisteal ar iompar poiblí trí mhéadú suntasach a sholáthar maidir le tosaíocht busanna chomh maith le bonneagar coisithe agus rothaíochta feabhsaithe ar an N4 agus R148 go dtí/ó Lár na Cathrach. Tá plódú tráchta agus bonneagar neamhleanúnach rothaíochta agus bus ina chomhartha sóirt ag an gconair rochtana lárnach seo faoi láthair, rud a chiallaíonn go bhfuil busanna agus rothaithe in iomaíocht leis an trácht ginearálta don spás den chuid is mó den turas, rud a bhfuil tionchar aige ar tharraingteacht na modhanna inbhuanaithe seo.

Trí bhonneagar tosaíochta do bhusanna breise a chur ar fáil, feabhsóidh an Scéim Bheartaithe an méid ama a thógann sé do bhusanna na haistir a dhéanamh feadh an bhealaigh mar aon leis an iontaofacht ama maidir le haistir a chríochnú.


I dteannta na bhfeabhas maidir leis an méid ama a thógann sé chun aistir a dhéanamh agus an iontaofacht ama maidir le haistir a chríochnú, soláthróidh an Scéim Bheartaithe tairbhí do rothaithe agus coisithe. Fad is a bhíothas ag forbairt dearadh na scéime seo, cloíodh leis na treoracha rochtana agus prionsabail uilíocha dearaidh atá cuí chun rochtain a chur ar fáil do chuile úsáideoir.

Déanfar turais rothaíochta níos sábháilte agus níos tarraingtí mar gheall ar sholáthar bhonneagair tiomnaithe rothaíochta ar an Scéim bheartaithe. Maidir leis seo, soláthraíonn an Scéim Bheartaithe gnéithe substaintiúla den bplean Líonra Rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a leag amach an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) (as seo amach glaofar air an Plean Líonra Rothaíochta GDA) (NTA 2013), agus níl a dhóthain ann faoi láthair - chomh maith leis sin cruthaíonn an scéim nasc idir í agus scéimeanna beartaithe rothaíochta eile agus modhanna iompair inbhuanaithe, dá bhrí sin is mór tairbhe atá sé á dhéanamh do líonra rothaíochta chuimsitheach a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath.

Chuirfí uasghráduithe réimse uirbigh, cosáin leathnaithe, tírdhréachú crua agus bog d'ardchaighdeán agus troscán sráide san áireamh, ar fáil i gceantair ardghníomhaíochta chun tairbhe a dhéanamh do thimpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí le haghaidh coisithe.

Dá bharr sin, is é príomhchuspóir na Scéime beartaithe ná aistriú córa iompair ó spleáchas ar charranna a éascú trí fheabhsuithe a sholáthar i mbonneagar siúil, rothaíochta agus bus, agus ar an gcaoi sin ag déanamh tairbhe do chóras iompair chomhtháite, éifeachtúil agus do Chathair ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide.

Is í an Scéim Bheartaithe ceann de na 12 scéim a sholáthrófar faoi na hOibreacha Bonneagair ar Conairí Crói-Bhus de chuid BusConnects Bhaile Átha Cliath (as seo amach glaoifear air seo na hOibreacha Bonneagair CBC). Is iad na hOibreacha Bonneagair CBC ceann de na tionscnaimh laistigh den chlár foriomlán BusConnects de chuid an NTA. Tá an clár BusConnects ag iarraidh seirbhísí bus a fheabhsú go mór i gcathracha na hÉireann, Baile Átha Cliath ina measc, ionas go mbeadh turais ar bhus tapaí, iontaofa, poncúil, áisiúil agus inacmhainne. Taispeántar na hOibreacha Bonneagair CBC molta in Íomhá 1.2.




**Íomhá 1.2 Oibreacha Bonneagair Conair Bhus Lárnach**

Meastar go soláthróidh na hOibreacha Bonneagair CBC a luaithe is a chríochnófar iad Conairí Crói-Bhus gathacha a bhí aitheanta sa Straitéis Iompair NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035 (dá thagraítear an Straitéis Iompair GDA) (NTA 2016).

## 1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí

Is í aidhm na Scéime Beartaithe bonneagair shiúil, rothaíochta agus bus a sholáthar ar an bpríomhchonaire rochtana sa réigiún Bhaile Átha Cliath a sholáthar, agus éascóidh an bonneagar gluaiseacht iompair inbhuanaithe chomhtháithe sábháilte agus éifeachtach a sholáthar feadh na conaire.

Is iad cuspóirí na Scéime Beartaithe ná:

- Cáil agus acmhainneacht an chórais iompair phoiblí a neartú trí luais, iontaofacht agus poncúlacht bhusanna a fheabhsú, rudaí a mbainfear amach trí lánaí bus agus beartaithe eile a sholáthar chun tús-áite do bhusanna in áit feithiclí eile a chur i ngrích;
- Acmhainneacht rothaíochta a neartú trí bhonneagar sábháilte do rothaithe a sholáthar, bonneagar atá scartha ó thrácht nuair is féidir sin;
- Tacaíocht a thabhairt chun seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtach ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide a sholáthar, agus tacóidh sin cuspóirí na hÉireann maidir le laghdú aistíochtaí a bhaint amach;
- Dlúthfhás a éascú, deiseanna athforáis agus úsáid níos éifeachtaí de thalamh i mBaile Átha Cliath, le haghaidh na glúnta atá ann agus na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe éifeachtacha agus sábháilte a sholáthar;
- An rochtaineacht ar phoist, ar oideachas agus deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile a fheabhsú tríd an soláthar de nascacht inbhuanaithe níos fearr agus comhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile; agus
- Caithfear a chinntiú go ndéantar machnamh ar an ríocht phoiblí nuair a dhearaítear agus forbraítear an bonneagar iompair agus is gá pointí fócasacha uirbeacha a neartú nuair is iomchuí agus nuair a fhéadtar é a dhéanamh.

Bhí pleanáil agus dearadh na Scéime Beartaithe treoraithe ag na haidhmeanna agus cuspóirí seo.

Beidh na torthaí a bhainfear amach i ndiaidh an Scéim Bheartaithe a sheachadadh:

- Líonra iompair phoiblí atá mealltach seasmhach agus cothrom a d'fhéadfadh pobail a nascadh níos fearr agus rochtain ar ghníomhaíochtaí oibre, oideachais agus sóisialta a fheabhsú;
- Líonra bonneagair iompair a thugann tús áite don siúl agus don rothaíocht, agus aistriú i dtreo iompair phoiblí a éascú; agus
- Chun níos mó acmhainneacht shóisialta agus eacnamaíochta a thacú trí úsáid talún a chomhtháthú agus chun pleanáil iompair a thacú agus é mar aidhm aige na tréimhsí ama taistil a laghdú.

## 1.2 Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA)

Is é an NTA comhlacht neamhtráchtála a oibríonn faoi stiúir na Roinne Iompair. Bunaíodh an NTA mar thoradh ar an Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú) (an "tAcht 2008").

I gcás na Scéime Beartaithe, i measc feidhmeanna an NTA tá tabhairt faoi phróiseas an deartha agus an phleanála, ag lorg (agus ag fáil) an toilithe ar fad don fhorbairt, ceaduithe maidir le fáil éigeantach ón mBord Pleanála san áireamh, agus an Scéim Bheartaithe a chur le chéile (má ceadaítear é).

# 2. Próiseas Measúnachta na dTionchar Timpeallachta

## 2.1 Próiseas an EIA

Is próiseas córasach agus atriallach é Measúnacht na dTionchar Timpeallachta a scrúdaíonn na tionchair timpeallachta féideartha a bhaineann le scéim bheartaithe agus a dheimhníonn bearta deartha agus maolaithe cuí chun na tionchair a sheachaint, a laghdú nó a chúiteamh.

Tuairiscíonn an EIAR torthaí na measúnachta ar na tionchair timpeallachta a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe. Is í aidhm an EIAR:

- Cur síos a dhéanamh ar na coinníollacha a bhí ann sular cuireadh tús le haon obair ar an Scéim Bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar an Scéim Bheartaithe;

- Cur síos a dhéanamh ar na modheolaíochtaí measúnachta a úsáidtear chun na tionchair timpeallachta féideartha a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe a mheas; Cur síos a dhéanamh ar fhadhbanna timpeallachta agus aon éifeacht suntasach a d'fhéadfadh tarlú le linn na gCéimeanna Tógála agus Oibríochtúla den Scéim bheartaithe;
- Smaoinigh ar na tionchair charnacha féideartha mar thoradh ar thionchair fhéideartha ó scéimeanna eile in éineacht leis na tionchair atá tuartha mar chuid den Scéim Bheartaithe;
- Bearta maolaithe a mholadh chun na tionchair a laghdú nó a sheachaint; agus
- Aon mhórthionchair iarmharacha a aithint a tharlaíonn i ndiaidh do na bearta maolaithe a bhí molta a bheith curtha i bhfeidhm.

Rinneadh na measúnachtaí ar fad de réir na dtreoracha infheidhme agus dea-chleachtais. Úsáidtear treoracha ar leith a bhaineann go díreach leis an disciplín atá i gceist i gcaibidlí áirithe den EIAR.

Is é an NTS Imleabhar 1 den EIAR agus tugtar acoimhre ann ar an EIAR, lena n-áirítear eochairghnéithe na Scéime Beartaithe agus na mórthionchair tairbheacha nó díobhálacha a bhaineann léi.

Roinneadh dociméid an EIAR de réir na n-Imleabhar seo a leanas chun aon chuardach a éascú:

- Imleabhar 1 - NTS (an doiciméad seo);
- Imleabhar 2 - Príomhthuairisc;
- Imleabhar 3 - Figiúiri; agus
- Imleabhar 4 - Aguisíní.

# 3. Gá atá le Scéim Bheartaithe

## 3.1 Comhthéacs

Spleáchas príobháideach ar charranna is cúis le plódú suntasach, rud a théann i bhfeidhm ar ár gcáilíocht saoil, ár dtimpeallacht uirbeach agus sábháilteacht ar bhóithre. Toisc go dtuartar go méadóidh daonra an mhórcheantair Bhaile Átha Cliath go dtí 1.5 milliún faoi cheann 2040, beidh tuilleadh éilimh ar bhóithre nach bhfuil an toilleadh do níos mór tráchta iontu faoi láthair. Mar sin tá níos mó roghanna iompair inbhuanaithe ag teastáil. Mura ndéantar rud éigin faoi, beidh aistir choisithe, rothaíochta agus busanna níos faide ar fud an réigiúin agus ní fhéadfar brath orthu de bharr phlódú tráchta agus rachaidh sin i bhfeidhm ar chaighdeán beatha na ndaoine. Ar an taobh eile, cabhraíonn bonneagar iompair inbhuanaithe le pobail inbhuanaithe agus áiteanna níos sláintiúla a chruthú, fad is atá forbairt eacnamaíoch á spreagadh ag an am céanna. Cuireann sé le sláinte agus folláine mhaith nuair a chuirtear é i bhfeidhm go héifeachtach.

## 3.2 Tionscadal Éireann 2040 - Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Faoin teideal 'Tionscadail Bhonneagair Mhórchúiseacha Náisiúnta' leagtar rogha tionscadal 'Soghluaiseachta Inbhuanaithe' amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 agus tugtar 'Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha' orthu mar chuid den Phlean. Aithnítear an Scéim Bheartaithe ar cuid í den Obair Bhonneagair ar Chonairí Bus Lárnacha laistigh den Chlár Busconnects mar ghné den Tosaíocht Infheistíochta Straitéisí a bhfuil ceangal infheistíochta ag gabháil léi. Cinntear go bhfuil ról lárnach ag an scéim chun fís an Chreata Náisiúnta Pleanála a chur i gcrích. Soláthróidh seachadadh na Scéime Beartaithe an bonneagar atá ag teastáil chun cabhrú linn bogadh ó spleáchas iomarcach ar charranna príobháideacha i bhfábhar an tsiúil, na rothaíochta agus an iompair phoiblí.

## 3.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021

Leagann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 conas a laghdóidh Éire a cuid astaíochtaí faoina leath ar léibhéal náisiúnta faoi cheann 2030 (laghdú 51%) agus neodracht a bhaint amach nach déanaí ná 2050. Is treochlár é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun mian aeráide na hÉireann a bhaint amach. Aithníodh

475 beart a bhaineann le gach uile earnáil den gheilleagair is aidhm leo Éire a athrú ó bhonn ina náisiún ísealcharbóin thar na tríocha bliain atá romhainn.

Maidir le haistriú córa iompair, leagann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 an méid seo a leanas:

> *'Tá an chonair bheartaithe maidir le cúrsaí iompair dírithe ar borradh a chur faoi leictriú iompair ar bóthar, úsáid na mbithbhreoslaí, agus aistriú córa iompair go modhanna iompair a bhfuil ídiú fuinnimh íseal leo (m.sh. iompar poiblí agus gníomhach)'.*

Ceaptar go bhfuil cur chun cinn na modhanna taistil inbhuanaithe fíorthábhachtach do bheartas aeráide. Tugann sé deiseanna dúinn chun *'ár gcuid sláinte a fheabhsú, borradh a chur faoi chaighdeán na beatha, freastail ar riachtanais na lárionaid uirbeacha atá ag fás agus ár bpobail thuaithe, uirbeacha agus fo-uirbeacha a cheangail le chéile'*.

Tagraítear do BusConnects mar thionscadal mórchúiseach iompair a chabhróidh leis an 500,000 aistear inbhuanaithe breise a sholáthar. Roghanna iompair inbhuanaithe iontaofa agus réalaíocha a sholáthar do shaoránaigh is ea ceann de na príomhchuspóirí atá ag an bplean. Maítear an méid seo a leanas sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide:

> *'Beidh an cur chuige nua maidir le hiompar poiblí bunaithe ar an bhfís de líonra iompair phoiblí comhtháite, ag cumasú gearr-aistir, meán-aistir agus cian-aistir do dhaoine ar fud na hÉireann. Ciallaíonn sé seo go méadófar minicíocht na seirbhísí iarnróid agus bus atá ann cheana féin, agus go méadófar an líonra bus tríd an gcur chuige atá ag Connecting Ireland. '*

Tá gá leis an Scéim Bheartaithe chun tacú leis na príomhghníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021. Ar bhonn áitiúil, tacaíonn an Scéim Bheartaithe go díreach leis an soláthar de roghanna iompair inbhuanaithe chun an t-éileamh taistil a chomhlíonadh. Leathnóidh, feabhsóidh agus nascóidh an Scéim Bheartaithe líonraí coisithe agus rothaíochta agus cabhróidh sí le fás dlúth a sholáthar ar thailte forbartha atá zónáilte gar don Scéim Bheartaithe.

## 3.4 Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Is gné fíorthábhachtach é an Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035 (ar a dtugtar an Straitéis Iompair GDA) ar mhaithe le forbairt eagraithe an Mhórcheantair Bhaile Átha Cliath (GDA) thar an 20 bliain atá romhainn. Is é an sprioc agus príomhchuspóir den Straitéis Iompair GDA ná '*cuir le dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an Mhórcheantair Bhaile Átha Cliath tríd an soláthar de ghluaiseacht éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe de dhaoine agus d'earraí*'.

Tá an Scéim Bheartaithe ag teastáil chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Iompair GDA maidir leis an timpeallacht coisithe a fheabhsú feadh na Scéime Beartaithe, fad is atá sé ar an eolas maidir le tacaíocht a thabhairt d'aidhmeanna pleanála sa réimse coisithe agus uirbeach ar bhonn áitiúil. Ina theannta sin, feabhsóidh an Scéim Bheartaithe an timpeallacht sráid-dreacha/réimse uirbeach atá ann feadh na conaire. Áireofar leis sin an soláthar d'áiseanna trasbhealaigh atá feabhsaithe go suntasach, agus tabhairt isteach forálacha tírdhréachta atá nua agus feabhsaithe feadh na conaire, agus feabhsuithe in aisce maidir le córas plandaithe agus sráid-dreacha ag áiteanna tábhachtacha a chuirfidh le carachtar na timpeallachta tógtha máguaird feadh na conaire freisin.

Tacaíonn an Scéim Bheartaithe le cur i bhfeidhm an Phlean Líonra Rothaíochta sa GDA toisc go soláthróidh sé bonneagar a chuirfidh borradh faoi agus a thacóidh leis an rothaíocht mar mhodh iompair, agus an soláthar de bhonneagar le haghaidh bealaí ar leith atá aitheanta mar chuid den phlean líonra rothaíochta san áireamh.

Mar chuid de Straitéis Iompair an GDA, forbrófar an Líonra Bus Lárnach chun tosaíocht leanúnach a bhaint amach do ghluaiseacht bhusanna ar chodanna den Líonra Bus Lárnach laistigh de cheantar uirbeach na cathrach. Bainfear é seo amach trí fhorálacha lána bus feabhsaithe agus baint na moilleanna feadh na mbealaí, rud a chuirfidh ar chumas an bhus gluaiseacht a sholáthar níos tapúla ná carranna feadh na mbealaí seo.

Tá gá leis an Scéim Bheartaithe chun tacú leis an Straitéis Iompair GDA sa mhéid go soláthróidh sé an bonneagar atá ag teastáil chun tosaíocht leanúnach a éascú do ghluaiseacht busanna ar chodanna den líonra Bus Lárnach laistigh de cheantar uirbeach na cathrach. Tá ga leis an Scéim Bheartaithe chun cuspóirí na Straitéise Iompair GDA a bhaint amach tríd an mbus a dhéanamh ina rogha níos tapúla do chomaitéirí ná iompar atá carr-bhunaithe.

D'ullmhaigh an NTA Tuarascáil an Líonra Bus Lárnach do cheantar uirbeach Bhaile Átha Cliath i 2015, agus aithníodh na bealaí lena raibh gá díriú isteach ar sheirbhísí bus ardacmhainne, ard-mhinicíochta, agus iontaofa, agus gur cheart go ndíreofaí agus go dtabharfaí tús áite d'infhéistíocht i mbonneagar busanna. Sainmhínítear an Líonra Bus Lárnach mar shraith de chonairí gathacha agus cuar-chonairí bus príomhá atá ar fáil idir na mórionaid lonnaíochta i gceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath.

Tá gá le forbairt agus cur i bhfeidhm an bhonneagair tosaíochta ar an Líonra Bus Lárnach le cinntiú go n-íoslaghdódh moilleanna, go bhfeabhsódh iontaofacht agus go mbeadh úsáid na mbusanna níos mealltaí.

Faoi láthair, tá cuid mhór de bhonneagar bus isteach agus amach ag an gconair idir Leamhcán agus Lár na Cathrach. Faoi láthair, tá soláthar bhonneagair bus feadh 77% agus 67% den chonair (isteach agus amach faoi seach). Tá lánaí rothaíochta/bus roinnte feadh cuideanna den bhealach nach bhfuil bonneagar ar fáil atá tiomnaithe ar an rothaíocht. Cé go bhfuil ardléibhéal de sholáthar seirbhíse bus feadh na conaire seo, in ainneoin an tsoláthair de lánaí bus atá sách maith feadh na gceangal bóithre a bhíonn moill phlódaithe rialta orthu a tharlaíonn mar gheall ar an easpa tosaíochta do bhusanna ag áiteanna lárnacha, amhail an cómhalartú M50, an acomhal bóithre Kennelsfort agus acomhal an Chuarbhóthair Theas. Bíonn neamhiontaofacht maidir le ham an aistir feadh na conaire le sonrú dá bharr.

Méadóidh an Scéim Bheartaithe éifeachtacht agus tarraingteacht na seirbhísí bus atá ar fáil feadh na conaire agus bainfidh níos mó daoine leas as iompar poiblí dá bharr, mar gheall ar fhad níos tapúla an aistir agus feabhsuite iontaofachta atá á gcur ar fáil ag an Scéim Bheartaithe. Is amhlaidh a thacóidh an méid sin le hacmhainn an líonra bus a mhéadú maidir le seirbhísí atá ann feadh na conaire agus beidh iompar poiblí i bhfad níos mealltaí dá bharr sin. Ina theannta sin, uasmhéadóidh na feabhsuithe suntasacha deighilte agus sábháilteachta ar bhonneagar siúil agus rothaíochta atá ina bpríomhghné den Scéim Bheartaithe gluaiseacht na ndaoine atá ag taisteal go hinbhuanaithe feadh na conaire agus dá bhrí sin freastalóidh sé ar leibhéil níos airde d'fhás daonra agus fostaíochta sa todhchaí. Dearadh an scéim ionas go mbeadh rochtain ag gach uile úsáideoir uirthi.

Ceal na Scéime Beartaithe beidh na seirbhísí bus ag oibriú i dtimpeallacht phlúchta, agus beidh amanna taistil níos faide agus níos neamhiontaofa maidir leis an mbus, rud a laghdóidh úsáid an iompair phoiblí agus a dhéanfaidh an córas busanna i bhfad níos measa agus níos leochailí do leibhéil níos airde d'fhás. Teorannóidh ceal na mbeart siúil agus rothaíochta, atá á sholáthar sa Scéim Bheartaithe, an cumas atá ann chun na modhanna seo a fhás sa todhchaí. Ar an iomlán, cuirfidh an Scéim Bheartaithe go mór le haidhmeanna agus cuspóirí ginearálta BusConnects, an Straitéis GDA agus ligfidh sí don chathair fás go hinbhuanaithe sa todhchaí, rud nach mbeadh indéanta murach an Scéim Bheartaithe.

# 4. Comhairliúchán

Bhí an rannpháirtíocht phoiblí ina cuid dhílis d'fhorbairt na Scéime Beartaithe ón tús. Rinneadh comhairliúchán neamhreachtúil thar trí chéim (ceann a bhain leis an mbealach is dealraithí a roghnófar (EPR) agus dhá cheann a bhain leis an rogha bealaigh a roghnófar (PRO)) chun na páirtithe leasmhara agus an pobal a chur ar an eolas faoi fhorbairt na Scéime Beartaithe ó chéim luath agus chun aiseolas agus rannpháirtíocht a lorg le linn a cuid forbartha. Ba é agus is é an phríomhchuspóir den phróiseas de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ná deiseanna a thabhairt do dhaoine den phobal agus do pháirtithe leasmhara cuir le pleanáil agus dearadh na Scéime Beartaithe agus eolas a dhéanamh don phróiseas forbartha. Spreagadh rannpháirtíocht phoiblí i bpleanáil agus dearadh na Scéime Beartaithe ó chéim luath trí dhul i dteagmháil leis an bpobal agus trí fheachtais eolais agus na meán.

Chabhraigh an próiseas comhairliúcháin neamhreachtúil le:

- Bunú bonnlíne timpeallachta don Scéim Bheartaithe agus a timpeallacht a bhí láidir go leor;

- Ceisteanna agus fadhbanna ar leith a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe a aithint go luath sa phróiseas ionas go bhféadfaí dul i ngleic leo mar is cuí sa scóip deartha agus measúnaithe; agus
- Baint chuí an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a chinntiú sa phróiseas deartha agus measúnachta.

Déantar cur síos beag ar na comhairliúcháin seo thíos.

## 4.1 Comhairliúchán Roghanna EPR

Bhí an chéad bhabhta den gcomhliuchán poiblí a bhí bunaithe ar an EPR ar siúl idir  an 14 Samhain 2018 go dtí an 29 Márta 2019.

Rinneadh machnamh ar na ceisteanna a tarraingíodh le linn an chéid phróiseas chomhairliúcháin neamhreachtúil leis an bpobal mar chuid den phróiseas measúnachta maidir le roghanna bealaí agus an bealach a roghnófar. Leasaíodh moltaí an EPR le dul i ngleic leis na ceisteanna a tarraingíodh in aighneachtaí nuair is féidir, ag cur moltaí ó chónaitheoirí, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara san áireamh. más cuí. Tugadh na leasuithe isteach sa dearadh agus rinne siad eolas don dearadh-forbairt PRO a foilsíodh freisin ina dhiaidh sin do chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil.

Bunaíodh Fóram Pobail ag tús an phróisis chomhairliúcháin phoiblí leis an gcuspóir de chumarsáid a éascú idir ionadaithe pobail, ionadaithe tofa agus an fhoireann bhonneagair BusConnects. Tharla na cruinnithe den Fhóram Pobail, áit a thugadh uasdátú don Fhóram Pobail maidir le dearadh na Scéime Beartaithe agus tugadh deis dóibh ceisteanna a chur ar an bhfoireann tionscadal agus aiseolas a thabhairt.

## 4.2 Comhairliúchain PRO

Bhí an comhairliúchán poiblí neamhreachtúil PRO ar siúl idir an 4 Márta 2020 go dtí an 17 Aibreán 2020. Tugadh cuireadh don phobal aighneachtaí scríofa maidir leis na beartaithe a bhí foilsithe a thabhairt don Fhoireann Bhonneagair BusConnects trí ríomphost, trí phost nó trí fhoirm ar líne. Cuireadh gach imeacht eile a bhí pleanáilte i ndiaidh an 12 Márta 2020 ar ceal mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Rinneadh an cinneadh gan an chomairliúchan a chur ar ceal i gcead do na haighneachtaí a fuarthas cheana féin.

D'óstáil an NTA an triú babhta den gcomhairliúchán poiblí sular cuireadh an dlaoi mhullaigh ar an PRO i Samhain 2020 agus tharla sin idir an 4 Samhain 2020 agus an 16 Nollaig 2020. Úsáideadh seomraí comhairliúcháin fíoriúil don triú babtha, agus cuireadh seirbhís 'glaoigh ar ais' ar fáil chomh maith le tuairiscí, cáipéisí tacaíochta agus dréacht an PRO chomh maith le heolas faoi na hathchóirithe ar fad má bhí aon ceann ón dara babhta den chomhairliúcháin phoiblí a tharla i Márta 2020. Rinneadh macnamh ar na ceisteanna a tarraingíodh le linn an dara agus an tríú babhta den chomhairlícháin phoiblí mar chuid den PRO deireanach agus is buncloch den réamh-dhearadh.

## 4.3 Comhairliúchán leis na Comhlachtaí Forordaithe agus Comhairlithe Eile

Mar aon leis an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an Scéim Bheartaithe, thug an fhoireann Bhonneagair BusConnects faoi chomhairliúchán le linn ullmhaithe/forbartha an EIAR le comhlachtaí forordaithe agus comhairlithe neamhreachtúla cuí.

Le linn forbartha an EIAR, tugadh tuairisc do na comhlachtaí forordaithe (an Roinn Cumarsáide, Gníomh Aeráide agus na Timpeallachta, an Roinn Iompair, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus an Chomhairle Oidhreachta san áireamh) agus comhairlithe neamhreachtúla ábhartha a leag amach an cur chuige beartaithe don mheasúnacht timpeallachta agus tugadh cuireadh dóibh tuairim a nochtadh. Baineadh úsáid as an aiseolas ón gcomhairliúchán seo freisin chun eolas a dhéanamh don EIAR agus do na réamh-mholtaí deartha.

## 4.4 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún

Tá baint fós ag dul ar aghaidh leis na húinéirí talún a bheidh tionchar ar a gcuid réadmhaoine, fad is a chuaigh an fhorbairt deartha don Scéim Bheartaithe chun cinn, ó na céimeanna is luaithe den tionscadal i 2019 go dtí an samhradh 2021. Bhí forluí ann idir an bhaint seo leis na comhairliúcháin phoiblí (i Márta 2020 agus Nollaig 2020). Tairgeadh cruinnithe duine le duine ar bhonn aghaidh ar aghaidh réamh-COVID 19, agus ar Zoom nó ar an bhfón ó Mhárta 2020 i leith, dóibh siúd a bhí ag iarraidh na moltaí a phlé níos mó maidir lena gcuid réadmhaoine féin agus taifeadadh na nóiméid mar chuid den phróiseas comhairliúchán. Eisíodh 44 litir den chineál seo thar na trí bhabhta den chomhairliúchán.

Rinneadh scaipeadh litir freisin i mí Iúil 2020 ag iarraidh rochtana ar réadmhaoin chun suirbhéanna mionsonraithe a dhéanamh. Seoladh litreacha breise go húinéirí talún a mbaineann sé leo i mí Iúil 2021 ag tabhairt tuilleadh bainte dóibh. Le linn na bainte, bhí an deis ag na húinéirí réadmhaoine a bhain sé leo chun gnéithe difriúla na Scéime Beartaithe a phlé leis an bhfoireann deartha.

## 4.5 Comhairliúchán le Cónaitheoirí Áitiúla agus Grúpaí Gnó

Le linn forbairt deartha na Scéime Beartaithe ó thús an chéid chomhairliúchán phoiblí neamhreachtúil i bhFeabhra 2019, d'éascaigh an NTA comhairliúchán ach é a iarraidh le grúpaí cónaitheacha áitiúla beaga agus le leasanna gnó ar/in aice leis an mbealach. Díreach mar a rinneadh i gcruinnithe an Fhóraim Phobail d'éascaigh imeachtaí mar sin plé ar dhearadh na Scéime Beartaithe agus tugadh an deis don lucht freastail ceisteanna a chur ar fhoireann Bhonneagair BusConnects agus aiseolas a thabhairt.

# 5. Roghanna Malartacha a smaoiníodh orthu

## 5.1 Roghanna Malartacha Straitéiseacha

Tá an Scéim Bheartaithe tar éis a bheith forbartha i ndiaidh machnamh cúramach a bheith déanta maidir le roghanna malartacha. Smaoinigh Straitéis Iompair an GDA agus an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a bhaineann léi ar roinnt roghanna straitéiseacha a bhain leis an Scéim Bheartaithe.

I measc na roghanna malartacha a smaoiníodh orthu bhí cás 'Rud ar bith a Dhéanamh'. Ní rachfadh an Scéim Bheartaithe ar aghaidh sa chás sin. Ceapadh gur rogha do-ghlactha é toisc go bhfuil an plódú tráchta ar fud an GDA chomh dona, agus toisc go bhfuil líon na ngluaisteán atá ar na bóithre ag méadú agus is iad is cúis leis na moilleanna tráchta a tharlaíonn gach lá. Mura ndéantar rud faoi, rachfadh na tionchair fhéideartha in olcas don réigiún, ina measc:

- Fás leanúnach de phlódú tráchta;
- Tionchair ar chumas an réigiúin fás go heacnamaíoch mar gheall ar phlódú méadaithe;
- Amanna aistir níos faide agus laghdóidh tuilleadh brú taistil an caighdeán maireachtála; agus
- Ní chomhlíonfar na spriocanna astaíochtaí timpeallachta.

Rinne an NTA athbhreithniú ar an líonra iompair atá ann agus réamhaisnéisí todhchaí maidir leis an éileamh taistil i mBaile Átha Cliath. Briseadh an t-athbhreithniú seo síos ina measúnacht ar úsáid talún atá ann agus sa todhchaí agus patrúin taistil, agus aithníodh treochtaí agus ceisteanna laistigh d'ocht gconair iompair. Bunaithe ar na measúnuithe seo, leagadh amach sraith na moltaí seirbhíse iompair is praiticiúla do na hocht gconair, chun an córas iompair chomhtháite a dhéanamh don GDA suas le 2035 i Straitéis Iompair an GDA. Ailíníonn an Scéim Chonair Bhus idir Leamhcán agus Lár na Cathrach go ginearálta le Conair C i Straitéis Iompair an GDA a théann ó cheantar lárnach Lár na Cathrach feadh na conaire N4 agus ina bhfuil dhá cheann de na ceantair forbartha tráchtála agus cónaithe is tábhachtaí sa todhchaí, Cluain Buiríosa agus Baile Adaim, an dá cheann acu bunaithe ar an líne iarnród Chill Dara. Tá mórfhostóirí lonnaithe sa chonair seo i Léim an Bhradáin agus Cill Droichid freisin. Ceantair lárnacha eile a bhfuil éileamh iompair mhóir ann ná baile Mhaigh Nuad, sráidbhaile Leamhcáin, lár an bhaile Ghleann na Life, agus Baile Formaid.

Tríd an obair a rinneadh in ullmhuchán na Straitéise Iompair GDA, na staidéir a rinneadh mar thacaíocht léi san áireamh, aithníodh agus rinneadh machnamh ar roinnt roghanna eile chun déileáil le riachtanais iompair a bhfuil sé mar chuspóir ag an Scéim Bheartaithe dul i ngleic leo.

I measc na roghanna straitéiseacha eile a rinneadh machanmh orthu:

- Bus Gasta;
- Iarnród Éadrom;
- Mearchóras iarnróid cathrach;
- Iarnród Trom;
- Bainistíocht Éilimh; agus
- Roghanna Malartacha Teicneolaíochta.

Forbraíodh an Scéim Bheartaithe chun léibhéal seirbhíse a sholáthar a bheadh cosúil leis an mBus Gasta. Ba é tátal na Straitéise Iompair GDA nach dtabharfaí údar le iarnród trom agus iarnród éadrom nua/roghanna eile ar mhearchóras iarnróid cathrach ag an léibhéal tuartha éilimh. Mar sin féin, déanfar uasghrádú agus síneadh ar an líne DART atá ann i mórcheantar Bhaile Átha Cliath mar chuid den Straitéis Iompair GDA.

Ní chuirfidh bainistíocht éilimh agus roghanna teicneolaíochta eile ina n-aonar, amhail táillí plódaithe, dolú bóthair, feithiclí leictreacha deireadh leis an ngá atá le bonneagar busanna agus rothaíochta sa bhreis a sholáthar feadh bhealach na Scéime Beartaithe.

## 5.2 Roghanna eile an bhealaigh

Rinne an-chuid machnaimh ar roghanna bealaigh eile le linn chéim deartha na Scéime Beartaithe. Rinne athbhreithniú ar an aiseolas eolas d'fhorbairt an deartha agus bailíodh agus measadh an t-eolas nua a fuarthas ag gach céim den chomhairliúchán poiblí agus ag léibhéal na sonraí amhail suirbhéanna, sonraí iompair agus timpeallachta.

D'fhorbair an Scéim Bheartaithe sna céimeanna seo a leanas:

1) Ullmhaíodh **Tuairisc Indéantachta agus Roghanna** a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe (Staidéar Roghanna ar an gConair Bhus Lárnach ó Leamhcán go Lár na Cathrach - Measúnacht Indéanachta agus Roghanna) i mí na Nollag 2016 a d'aithin agus a mheas roghanna indéantachta feadh na gconairí agus a bhain an bealach is dealraithí a roghnófar (EPR) amach ar deireadh;
2) Rinneadh an chéad bhabhta de **Chomhairliúchán Poiblí** neamhreachtúil ar an mbealach is dealraithí a roghnófar idir an 14 Samhain 2018 go dtí an 29 Márta 2019;
3) Forbairt **dréachta rogha bealaigh** (Aibreán 2019 go dtí Márta 2020). D'fhorbair dearadh an EPR le machnamh déanta ar roghanna malartacha eile i ndiaidh eolas a bheith déanta dó ag an gcéad bhabhta den chomhairliúchán poiblí, baint leis na páirtithe leasmhara agus fáil eolais deartha breise;
4) Rinneadh an dara babhta de **Comhairliúchán Poiblí** maidir leis an Dréacht PRO idir an 4 Márta 2020 agus an 17 Aibreán 2020. Cuireadh cuid de na imeachtaí eolais a bhí pleanáilte le bheith i láthair ar ceal mar gheall ar thabhairt isteach na srianta COVID-19, rinneadh cinneadh chun an tríú comhairliúchán a reáchtáil níos déanaí sa bhliain dá bharr;
5) Rinneadh tuilleadh forbartha den **Dréacht PRO** úasdátaithe tar éis an dara babhta den chomairliúchán phoiblí, agus cuireadh na haighneachtaí a fuarthas, plé leanúnach na bpáirtithe leasmhara agus eolas deartha breise san áireamh;
6) Rinneadh an tríú babhta den **Chomairliúchán Poiblí** neamhreachtúil maidir leis an Dréacht PRO idir an 4 Samhain 2020 go dtí an 16 Nollaig 2020; agus
7) Críochnú an **PRO**. I ndiaidh don aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí ar an iomlán eolas a dhéanamh dó, plé na bpáirtithe leasmhara a leanúint ar aghaidh agus eolas deartha breise a bheith ar fáil, cuireadh an dlaoi mhullaigh ar an Scéim Bheartaithe.

I measc na roghanna malartacha bealaigh a smaoiníodh orthu ar dtús, bhí líonra leathan de bhóithre idir:

- Acomhal N4 5 (Cill Droichid/Léim an Bhradáin) go dtí Acomhal N4 3 (Baile Eoghain/Leamhcán);
- Acomhal N4 3 (Baile Eoghain/Leamhcán) go dtí Bóthar Kennelsfort Uachtarach;
- Bóthar Kennelsfort Uachtarach go dtí Bóthar Choinn Colbaird; agus
- Bóthar Choinn Colbaird go dtí Lár na Cathrach.

Laghdaíodh na roghanna sin trí úsáid a bhaint as modh cineálach ardléibhéil bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus tuiscint ginearálta ar na coinníollacha/baic fhisiciúla atá ann, cúrsai timpeallachta laistigh den cheantar staidéir ina measc.

Ansin, measadh na roghanna bealaigh faoi na critéir seo a leanas:

- Geilleagar;
- Sábháilteacht;
- Cómhtháthú;
- Rochtain & Ionchuimsiú Sóisialta; agus
- Timpeallacht.

Rinneadh mionchíoradh ar roghanna malartacha rothaíochta eile agus bhí sé sin rí-thábhachtach i bpróiseas sainithe an EPR.

Aithníodh an EPR i ndiaidh do mheasúnú na roghanna malartacha eile eolas a dhéanamh dó. Achoimrítear an EPR sin mar sin a leanas:

> *'Tosaíonn an CBC ag Acomhal 5 (Cill Droichid/Léim an Bhradáin) ar an N4 trí na rampaí isteach is amach. Buaileann an bealach leis an N4 ansin. D'atreoródh busanna ón N4 trí na rampaí isteach is amach ag Acomhal 4 (Leamhcán/Baile Adaim) agus thaistealódh siad tríd an acomhal sin sula bhfillean siad ar an N4. D'atreoródh busanna isteach ón N4 arís ag Acomhal 3 (Baile Eoghain/Leamhcán) sula gcasann siad ar chlé ar an R136 (Bóthar Bhaile Eoghain) agus ar dheis ar an R835 (Bóthar Leamhcáin) sula bhfilleann siad ar an N4 arís. Thaistealódh busanna amach díreach tríd an acomhal R136 tríd na rampaí isteach is amach.*
>
> *Uaidh sin, taistealaíonn an bealach feadh an N4 go dtí Acomhal 2 (Cnoc an Fhuaráin/Gleann na Life), áit a d'atreoródh busanna isteach tríd an rampa amach, tríd an timpeallán agus ar ais ar an N4 tríd an rampa isteach. Leanfadh busanna amach tríd an acomhal seo ar an N4 gan atreorú. Uaidh sin fánann an bealach ar an N4, ag taisteal díreach tríd an acomhal saorimeachta M50/N4 ar an R148 (Seachbhóthar Shéipéal Iosóid). Leanann an bealach molta an R148 (Seachbhóthar Shéipéal Iosóid/Bóthar Eoin Thiar) an bealach ar fad ón M50 go dtí ceantar na gCéanna i Lár na Cathrach, ag taisteal tríd acomhail le Bóthar Kennelsfort Uachtarach, an t-Ubhchruth agus an Cuarbhóthar Theas (R111). Uaidh sin, thaistealódh busanna isteach thar Dhroichead Frank Sherwin sula gcasann siad ar dheis ar Ché Wolfe Tone fad is a bhainfeadh busanna amach úsáid as Cé Victoria sula gcasann siad ar chlé ar an R148 (Bóthar Eoin Thiar). Ansin thaistealódh busanna feadh na gcéanna ó thuaidh agus ó dheas chun dul a fhad le Lár na Cathrach.'*

## 5.3 Roghanna Deartha eile

I ndiaidh críochnú an phróisis chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an mbealach is dealraithí a roghnófar, rinneadh leasuithe éagsúla ar bhearta na scéime chun dul i ngleic le roinnt ceisteanna a tarraingíodh in aighneachtaí, ina measc bhí tabhairt isteach moltaí ó chónaitheoirí áitiúla, grúpaí gnó pobail, ionadaithe tofa agus páirtithe leasmhara, agus / nó ag tarlú de bharr eolas breise a bheith ar fáil. Tugadh na leasuithe seo isteach sna dearaí agus rinne siad eolas don Dréacht PRO. I measc na roghanna malartacha a rinnneadh machnamh orthu le linn forbairt na Dréachta PRO tá:

- Soláthar raon rothar débhealaigh ó Bhóthar Leamhcáin ag Acomhal 3 N4 laistigh de theorainn Chlub Gailf an Hermitage agus Clinic Leighis an Hermitage, ansin feadh an tSeanbhóthair Leamhcháin i mBaile Phámar nuair a bhuaileann sé le háiseanna atá ann go dtí sráidbhaile Shéipéal Iosóid, leis

an raon rothar débhealaigh seo ina chuid den Phríomhbhealach Rothaíochta 06 atá san áireamh i Líonra Rothaíochta an GDA;

- Athlonnú stadanna bus atá ann ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life thart ar 200m níos faide siar chun fad sníomha sa bhreis a thabhairt do bhusanna chun a mbealach tríd an acomhal M50 a dhéanamh níos sábháilte, scaradh feabhsaithe ón gcarrbhealach atá ann, agus droichead nua thar an N4 a thabharfaí nasc leis an acomhal bus molta laistigh d'Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life chun áiseanna coisithe ar chaighdeán níos airde a chur ar fáil;
- Tabhairt isteach lána siar casadh ar dheis do bhusanna amháin ag acomhal an Ubhchrutha le cuir ar chumas na mbusanna casadh isteach i sráidbhaile Bhaile Phámar;
- Soláthar lána soir casadh ar dheis ag Bóthar an Chuimhneacháin chun gluaiseachtaí a bhfuil tionchar á imirt orthu ag na bearta bainistíochta tráchta athbhreithnithe atá bainteach leis an CBC Ghleann na Life in Inse Chór a éascú;
- Tabhairt isteach lána casadh ar dheis ó thuaidh ag acomhal an Chuarbhóthair Theas chun ligint d'fheithiclí cas ar dheis ón gCuarbhóthar Theas go dtí Bóthar Eoin Thiar; agus
- Baint agus athsholáthar crann breise feadh Bhóthair Eoin Thiar ionas go bhféadfaí áiseanna a sholáthar do thacsaithe agus do rothair ar an mbealach isteach go dtí an stáisiún traenach.

Ina theannta sin, tá athruithe deartha logánta eile ann mar chuid den Scéim Bheartaithe a rinneadh bunaithe ar aiseolas a fuarthas le linn an dara agus tríú babhta de chomhairliúchán poiblí agus plé leis na páirtithe leasmhara. Níor tháinig aon athruithe lárnacha as an dara agus an tríú babhta de na Comhairliúcháin Phoiblí Neamhreachtúla.

Chuir measúnacht na roghanna malartacha tionchair timpeallachta san áireamh mar aon le fachtóirí ábhartha eile amhail an geilleagar, sábháilteach agus rochtain chun an Scéim Bheartaithe a bhaint amach.


# 6. Cur síos na Scéime beartaithe

Tosaíonn an Scéim Bheartaithe, a bhfuil fad foriomlán de thart ar 9.7km aici, ag Acomhl 3 de Bhóthar Leamhcáin N4 / Seachbhóthar Leamhcáin agus tá sé dírithe soir i dtreo Lár na Cathrach. Téann an bealach soir ó acomhal R136 Bhóthar Bhaile Eoghain leis an mBóthar Leamhcáin R835 feadh an Bhóthair Leamhcáin R835 go dtí an timpeallán a freastalaíonn ar Pháirc Mhiondíola Leamhcáin agus slios soir an Bhóthair Leamhcáin N4 freisin. Ansin seoltar é tríd an N4 (ag dul thar an t-Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life) chomh fada le hAcomhal 7 (M50) agus trí an R148 feadh seachbhóthair Bhaile Phámar, seachbhóthar Shéipéil Iosóid, Bóthar Choinn Colbaird, Bóthar Eoin Thiar, ag críochnú ag Droichead Phroinsias Uí Shearbháin, áit a bhuailfidh sé leis an gcóras bainistíochta tráchta atá ann cheana féin ar na Céanna ó dheas.

Cuirtear áiseanna rothaíochta ar fáil feadh R136 Bhóthar Bhaile Eoghain ag Acomhal 3 den N4 idir Bóthar an Hermitage agus an Bóthar Leamhcáin R835, agus ansin feadh fad an Chonaire Bus Lárnach go dtí Acomhal 2 den N4. Uaidh sin cuirtear áiseanna rothaíochta ar fáil feadh an tSeanbhóthair Leamhcáin ar dhá thaobh den M50 agus trí shráidbhaile Bhaile Phámar go dtí tús an seachbhóthair Shéipéil Iosóid R148, áit a bhuailfidh siad le háiseanna rothaíochta a rachaidh tríd sráidbhaile Shéipéil Iosóid amach anseo. Cuirtear áiseanna rothaíochta ar fáil freisin ar an R148 idir Bóthar Choinn Colbaird agus críoch na conaire at stáisiún Heuston ar Bhóthar Eoin Thiar. D'fhorbair dearadh na Scéime Beartaithe trí dhearadh cuimsitheach atriallach a dhéanamh agus trí bhéim ar leith a leagadh ar na tionchair timpeallachta féideartha a íoslaghdú más féidir, fad atá sé á gcinntiú go mbainfear aidhmeanna na Scéime Beartaithe amach. Anuas air sin, tugadh isteach an t-aiseolas a fuarthas ón gclár comhairliúcháin chuimsitheach a rinneadh le linn an phróisis roghnaithe agus forbartha deartha, más cuí.

Forbraíodh an Scéim Bheartaithe le cinntiú go gcomhtháthófaí na priosabail an deartha uilíoch go hiomlán sa dearadh, rud a thabharfaidh rochtain do gach úsáideoir agus a chuirfidh deireadh le constaicí do dhaoine faoi mhíchumas.

Taispeántar leagan amach tipiciúil de bhóthar BusConnects in Íomhá 6.1.




**Íomhá 6.1 Leagan amach tipiciúil de bhóthar BusConnects**

Tiocfaidh feabhsuithe suntasacha ar áiseanna coisithe agus rothaíochta agus don chóras tosaíochta do bhusanna as an Scéim Bheartaithe. Tá an méid seo a leanas i measc na n-athruithe lárnacha a dhéanfar don chonair atá ann de bharr na Scéime Beartaithe:

- Tiocfaidh méadú 40% ar líon na trasrian coisithe faoi rialú soilse tráchta ó 20 go 28 de bharr na Scéime Beartaithe;
- Méadóidh líon na n-áiseanna rothaíochta scartha ó 26% ar an gconair atá ann go dtí 95% ar an Scéim Bheartaithe;
- Méadóidh an chuid den bhealach a bhfuil bearta tosaíochta don bhus ann ó 72% ar an gconair atá ann go dtí 93% ar an Scéim Bheartaithe.
- Déantar cur síos ar an Scéim Bheartaithe sna codanna tíreolaíochta seo a leanas: Cuid 1: Acomhal 3 N4 go dtí Acomhal 7 M50 - Bóthar Leamhcáin N4;
- Cuid 2: Acomhal 7 M50 go dtí R148 Bóthar Choinn Colbaird - seachbhóthar Bhaile Phámar agus seachbhóthar Shéipéil Iosóid; agus
- Cuid 3: R148 Bóthar Choinn Colbaird go dtí Lár na Cathrach (Droichead Phroinsias Uí Shearbháin) - Bóthar Choinn Colbaird agus Bóthar Eoin Thiar

## 6.1 Cuid 1: Acomhal N4 3 go dtí Acomhal 7 M50 - Bóthar Leamhcáin N4

Ritheann an chuid seo den Scéim Beartaithe ó Acomhal 3 ar N4 Bóthar Leamhcáin / seachbhóthar Leamhcán, chomh fada le Acomhal 7 an M50 agus, mar a thuairiscítear thíos, áireofar leis uasghráduithe ar na hacomhail seo a leanas chun tosaíocht do bhusanna agus áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe a sholáthar:

- R136 Bóthar Bhaile Eoghain / R835 Bóthar Leamhcáin;
- R136 Bóthar Bhaile Eoghain / Acomhal 3 an N4;
- R136 Bóthar Bhaile Eoghain / Bóthar Eirmeatáiste;
- Acomhal 2 an N4; agus
- Acomhal N4 / M50 (Acomhal 7).

Ag tús na Scéime Beartaithe ag Acomhal 3 ar an N4 Bóthar Leamhcáin / seachbhóthar Leamhcáin, tá sé beartaithe modhnuithe a dhéanamh ar an acomhal le comharthaí ag deireadh slioslána siar an N4, lena n-áirítear deireadh a chur leis an lána slioslána cas ar chlé. D'fhonn tosaíocht a thabhairt do bhusanna agus dóthain toilleadh acomhail a chothabháil don trácht ginearálta, coinnítear cumraíocht an lána reatha ar an droichead a iompraíonn Bóthar Bhaile Eoghain an R136 thar an N4. Tá raon rothar scoite dhá bhealach beartaithe ar an taobh thoir den R136 Bóthar Bhaile Eoghain idir an R835 Bóthar Leamhcáin agus Bóthar Eirmeatáiste, lena n-áirítear droichead nua do choisithe agus do rothair trasna an N4, a thiocfaidh in ionad an droichid coisithe amháin atá ann anois ag an láthair seo.

Ag acomhal Bhóthar Bhaile Eoghain an R136 le Bóthar Leamhcáin an R835, tá sé beartaithe na slioslánaí ar chlé atá ann faoi láthair a bhaint. Ina theannta sin, bogfar suíomh an stad bus soir atá ar an R835 Bóthar Leamhcáin

níos gaire don acomhal agus méadófar é freisin. Tá lána bus leanúnach beartaithe feadh Bhóthar Leamhcáin an R835 go dtí an timpeallán a fhreastalaíonn ar Pháirc Mhiondíola Leamhcáin agus freisin ar an N4 Bóthar Leamhcáin soir. Tá raon rothar scoite dhá threo beartaithe ar an taobh thuaidh den chuid seo de Bhóthar Leamhcáin R835 a mbeidh gá le talamh a fháil ón spás glas in aice leis.

Ar Bhóthar Leamhcáin an N4 tá sé beartaithe na lánaí bus leanúnacha soir agus siar thar an gcuid seo den bhealach a chothabháil gan aon athrú ar líon na lánaí tráchta ginearálta atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, leathnófar an lána bus ar an mbóthar seirbhíse siar ó Acomhal 3 chun a chinntiú go dtugtar tosaíocht do bhusanna ar an mbealach isteach chuig an acomhal leis an R136 Bóthar Bhaile Eoghain ag barr an slioslánaígh. Beidh gá le limistéar beag talún a fháil ó shuíomh iar-theach tábhairne an Foxhunter chun an lána bus leathnaithe seo a éascú.

Cuireann an dearadh molta feabhas suntasach ar an soláthar stad bus i gcóngaracht Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life (ISGL). Bogfar na stadanna bus iad féin thart ar 150m níos faide siar, méadófar ar a bhfad agus tá leataobhanna bus beartaithe, deighilte ó charrbhealach Bhóthar Leamhcáin an N4 in aice láimhe. Teastaíonn stráice beag éadála talún ar an taobh theas den N4 in aice le carrchlós Champas Oifige Ghleann na Life chun socrú stad bus siar a éascú. Tá balla coinneála molta don teorainn nua ag an láthair seo.

Chun freastal níos fearr a dhéanamh ar acmhainn mhéadaithe an stad bus tá droichead nua do choisithe amháin molta in aice leis na láithreacha nua stadanna bus, thart ar 200m níos faide siar ón droichead coise / rothar atá ann cheana féin, a choinneofar. Tá suíomh an droichid nua seo ar aon dul leis an acomhal iompair phoiblí nua laistigh den suíomh ISGL atá á thógáil. Tá gá le píosa beag talún a fháil ón limistéar glas in aice leis an ionad siopadóireachta chun rampaí a sholáthar a théann chuig an droichead coise nua. Ina theannta sin, laghdófar an luasteorainn do na lánaí bus idir acomhal 2 an N4 agus an M50 ó 60km/uair go 50km/uair i gcóngar na stadanna bus nua.

Idir Acomhal 2 an N4 agus an M50 ar an mbealach isteach soir tá athrú ar an ainmniú lána molta chun scaradh níos luaithe a dhéanamh idir an trácht ginearálta a théann i dtreo an M50 ó thuaidh agus seachbhóthar an R148 i mBaile Phámar agus lána bus leanúnach a sholáthar. Tá droichead nua ursanach beartaithe chun comharthaíocht scríbe lána breise a sholáthar. Ceadóidh athlonnú na stadanna bus do ISGL faid méadaithe na mbusanna chun dlús a chur leis agus meascadh leis an trácht soir ag druidim le hacomhal an M50, agus freisin fad fíodóireachta méadaithe do gach trácht siar a fhágann acomhal an M50. Ar acomhal an M50 féin tá sé beartaithe dhá lána tráchta ginearálta agus lána bus leanúnach a sholáthar sa dá threo tríd an acomhal.

Chun saoráid leanúnach a sholáthar do Phríomhbhealach Rothaíochta 6 mar atá aitheanta i bPlean Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ón timpeallán a fhreastalaíonn ar Pháirc Mhiondíola Leamhcáin, beidh saoráidí do rothaithe comhdhéanta ar dtús de Shráid Chiúin feadh an bhóthair phoiblí a sholáthróidh rochtain ar Chlub Gailf Eirmeatáiste.

Ar an taobh thuaidh den N4 idir bealach isteach Chlub Gailf Eirmeatáiste agus Acomhal 2 den N4 tá raon rothar dhá bhealach leithscartha san áireamh sa Scéim Beartaithe. Beidh gá le talamh a fháil ó Chlub Gailf Eirmeatáiste chun an raon rothaíochta seo a sholáthar a nascfaidh leis an droichead coise / rothar atá ann cheana féin thar an N4 in aice le rochtain eastáit Chnoc Aindriú / Ospidéal Lomáin. Tá balla coinneála píle beartaithe don teorainn nua agus tá líontán spóirt 15m ar airde molta in aice leis an teorainn athlonnaithe ar feadh 130m ar fad os comhair Lána Bhaile Eoghain, chomh maith le plandáil inlíonta chuig teorainn thaobh an bhóthair agus imeall theas an banóg. Soir ón láthair seo leanann an raon rothar dhá bhealach ar an taobh thuaidh den N4 agus beidh gá le talamh a fháil ó Chlinic Leighis Eirmeatáiste. Tá balla coinneála beartaithe don teorainn nua. Rithfidh an raon rothar dhá threo ansin feadh an taobh thuaidh den slioslána soir ag Acomhal 2.

Ó Acomhal 2 den N4, beidh an raon rothar dhá bhealach leithscartha suite feadh an taobh theas de Sheanbhóthar Leamhcáin sula nascfar é leis an droichead cos/rothaíochta a thrasnaíonn an M50. Déanfar freastal ar an raon rothar laistigh den spás bóthair atá ar Sheanbhóthar Leamhcáin, agus cúngófar na lánaí do thrácht ghinearálta, agus maolófar an trácht chun an luasteorainn 30km/uair atá beartaithe a léiriú.

Ar thaobh theas an N4 soláthraítear crios tosaíochta do choisithe idir Lána Bhaile Eoghain agus an droichead coise/rothaíochta atá ann cheana féin thar an N4 in aice le heastát Chnoc Aindriú. Ó Lána Bhaile Eoghain moltar Sráid Chiúin feadh Bhóthar an Díseart go Bóthar an R136 Baile Eoghain. Seachnaítear an gá le raon rothar aontreo leithscartha ar an taobh theas den N4, agus feadh na bóthar seirbhíse siar mar gheall ar sholáthar an

raon rothar dhá-bhealach leithscartha feadh taobh thuaidh an N4 agus an tSráid Chiúin feadh Bhóthar an Díseart agus slioslána ag Acomhal 3.

## 6.2 Cuid 2: Acomhal M50 7 go dtí Bóthar Choinn Colbaird R148 - seachbhóthar Bhaile Phámar R148 agus seachbhóthar Shéipéil Iosóid

Ar an gcuid seo idir Acomhal 7 an M50 agus Bóthar Choinn Colbaird R148 – seachbhóthar R148 Bhaile Phámar, Séipéal Iosóid, tá sé beartaithe na hacomhail seo a leanas a uasghrádú chun tosaíocht do bhusanna agus áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe a sholáthar:

- R148 seachbhóthar Bhaile Phámar / Bóthar Kennelsfort;
- Seanbhóthar Leamhcáin / Kennelsfort Road Íochtarach; agus
- R148 seachbhóthar Bhaile Phámar / An tUbhchruth.

Idir acomhal an M50 agus acomhal Bhóthar Kennelsfort, tá sé beartaithe lána bus leanúnach agus dhá lána tráchta ginearálta a sholáthar soir. Sa treo siar, moltar lána bus agus dhá lána tráchta ginearálta, agus leasaíodh an t-ainmniúchán lána chun an trácht ginearálta a dheighilt níos luaithe i dtreo an M50 agus Bóthar Leamhcáin an N4 siar. Ceadóidh an socrú seo do lána bus leanúnach siar ó acomhal Bhóthar Kennelsfort agus trí acomhal an M50.

Ar sheachbhóthar Bhaile Phámar an R148 moltar mionathruithe ar Bhóthar Kennelsfort agus ar sheanacomhail Bhóthar Leamhcáin / An tUbhchruth chun na slioslánaí ar chlé atá ann cheana a bhaint. Ina theannta sin, tá cosc ar ghluaiseacht na cas ar chlé ó Bhóthar Kennelsfort Íochtarach go seachbhealach Bhaile Phámar an R148 soir chun trasbhealaí nua le comharthaí a éascú ar an taobh thoir d'acomhal Bhóthar Kennelsfort chun freastal ar na stadanna bus feabhsaithe, ar éileamh na gcoisithe agus chun freastal ar an mbóthar raon rothar dhá bhealach molta a thrasnaíonn seachbhealach Bhaile Phámar an R148 ag an láthair seo. Beidh trácht i sráidbhaile Bhaile Phámar ar mian leo taisteal soir ar an R148 i dtreo lár na cathrach in ann é sin a dhéanamh ach taisteal soir feadh Seanbhóthar Leamhcáin go dtí an t-acomhal leis An tUbhchruth.

Ina theannta sin, ag acomhal an R148 le comharthaíocht le Seanbhóthar Leamhcáin / An tUbhchruth tá lána casaithe ar dheis nua ag dul siar ar sheachbhóthar an R148 i mBaile Phámar chun seirbhísí nua bus a éascú trí shráidbhaile Bhaile Phámar. Beidh gá le limistéar beag chun talamh a fháil ó imeall thiar an stáisiúin peitril ag an láthair seo chun freastal ar an ngluaiseacht bus nua seo. Dúnfar an tsaoráid U-chasadh R148 atá ann cheana féin atá suite thart ar 40m lastoir den acomhal leis An tUbhchruth.

Tá na stadanna bus atá ann cheana féin ar sheachbhóthar Bhaile Phámar an R148 ag Bóthar Kennelsfort agus An tUbhchruth le síneadh agus le hathshuíomh le gur féidir leataobh bus a sholáthar i ngach cás. Ina theannta sin, tá sé beartaithe na stadanna bus laistigh de shráidbhaile Bhaile Phámar a chuíchóiriú le stadanna bus nua a sholáthar ar Sheanbhóthar Leamhcáin díreach siar ón acomhal le Lána an Mhuilinn.

Idir an t-acomhal leis An tUbhchruth agus acomhal Bóthar Choinn Colbaird an R833, tá sé beartaithe lána bus leanúnach agus dhá lána tráchta ginearálta a choinneáil i ngach treo, de réir an tsocraithe reatha. Coinneofar an lána bus reatha agus na comharthaí iompair phoiblí ar an duillín siar ó Bhóthar na Coille Móire R112. Tá stadanna bus nua le leataobhacha beartaithe áit a dtrasnaíonn seachbhóthar R148 Shéipéal Iosóid Bóthar Chnoc Shéipéal Iosóid. Nascfar iad seo le Bóthar Chnoc Shéipéal Iosóid trí mheascán de chéimeanna agus rampaí. Leathnófar an droichead reatha a iompraíonn seachbhóthar Shéipéal Iosóid an R148 thar Bhóthar Chnoc Shéipéal Iosóid chun freastal ar an slioslána bus soir agus tá ballaí coinneála molta chun tacú le leathnú an bhóthair, céimeanna agus rampaí. Ina theannta sin, laghdófar an luasteorainn do na lánaí bus feadh fad iomlán sheachbhóthar Shéipéal Iosóid an R148 ó 80km/uair go 60km/uair.

Tá sé beartaithe raon rothar dhá threo scoite a rith feadh an taoibh thuaidh de Sheanbhóthar Leamhcáin ón droichead coise/rothaíochta a thrasnaíonn an M50, an bealach ar fad trí shráidbhaile Bhaile Phámar ag nascadh leis an gcrios tosaíochta coisithe atá ann ag tús an R148 seachbhóthar Séipéal Iosóid. Tá trasrian túcánach molta

freisin ar Bhóthar Leamhcáin an R112 ar an mbealach isteach chuig sráidbhaile Shéipéal Iosóid. Déanfar freastal ar an raon rothar laistigh den spás bóthair atá ar Sheanbhóthar Leamhcáin, agus na lánaí do thrácht ghinearálta á gcúlú agus á maolú chun an luasteorainn 30km/uair atá ann faoi láthair a léiriú. Bainfear páirceáil neamhfhoirmiúil ag láithreacha áirithe ar an taobh thuaidh de Sheanbhóthar Leamhcáin idir an M50 agus Bóthar Kennelsfort Íochtarach áit a gcuirtear raon rothar dhá bhealach ar fáil.

Ar feadh Sheanbhóthar Leamhcáin idir Bóthar Kennelsfort Íochtarach agus An tUbhchruth, bainfear an pháirceáil íoc agus taispeáin atá ar an taobh thuaidh den bhóthar chun freastal ar an raon rothar dhá bhealach. Chun an caillteanas seo de spásanna páirceála a fhritháireamh, cuirfear líon níos airde spásanna páirceála ingearacha in ionad na spásanna páirceála comhthreomhara íoc agus taispeáin ar an taobh theas de Sheanbhóthar Leamhcáin.

Ina theannta sin, moltar raon rothar dhá threo scoite nua feadh an taobh thoir de Bhóthar Kennelsfort Íochtarach, rud a fhágann go gcaillfear líon beag spásanna páirceála íoc agus taispeáin agus mar thoradh air sin beidh gá le limistéar beag talún a fháil ón éadan. de na huimhreacha 20 agus 22 (óstán Palmerstown Lodge). Trasnaíonn an raon rothar dhá bhealach a bheartaítear seachbhóthar Bhaile Phámar an R148 trí thrasbhealach rothar nua le comharthaí ar an taobh thoir den acomhal a bhfuil cur síos déanta air thuas agus críochnaíonn sé ag trasrian túcánach nua ar Bhóthar Kennelsfort Uachtarach chun nasc a sholáthar do na lánaí rothar atá ann cheana féin.

## 6.3 Cuid 3: Bóthar R148 Choinn Colbaird go dtí Lár na Cathrach - Bóthar Eoin Thiar

Ar an gcuid seo idir R148 Bóthar Choinn Colbaird – seachbhóthar Séipéal Iosóid agus acomhail Dhroichead Frank Sherwin – Bóthar Eoin Thiar, mar a mhínítear thíos, tá sé beartaithe na hacomhail seo a leanas a uasghrádú chun tosaíocht bus agus áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe a sholáthar:

- Seachbhóthar R148 Shéipéal Iosóid / R148 Bóthar Choinn Colbaird
- R148 Bóthar Choinn Colbaird / Bóthar an Chuimhneacháin an R839;
- R148 Bóthar Choinn Colbaird / An Cuarbhóthar Theas R111;
- R148 Bóthar Eoin Thiar / An Cuarbhóthar Theas R111;
- R148 Bóthar Eoin Thiar / An Ceantar Theas;
- R148 Bóthar Eoin Thiar / Bóthar Míleata;
- R148 Bóthar Eoin Thiar / Stáisiún Heuston; agus
- R148 Bóthar Eoin Thiar / Cé Victoria (Droichead Phroinsias Uí Shearbháin).

Ag acomhal Bhóthar Choinn Colbaird an R833 le R148 seachbhóthar Shéipéal Iosóid baintear an slioslána ar chlé ó R833 Bóthar Choinn Colbaird agus moltar raon rothar leithscartha i ngach treo. Idir acomhal Bhóthar Choinn Colbaird an R833 agus acomhal an Chuarbhóthar Theas R111 déantar na lánaí leanúnacha bus agus dhá lána tráchta ginearálta a chothabháil agus a chaolú beagán chun tabhairt isteach raon rothar scoite i ngach treo a éascú.

Aistreofar an trasrian coisithe go dtí an taobh thoir den acomhal le bheith ar an taobh céanna den acomhal leis na stadanna bus ag an acomhal idir an R148 Bóthar Choinn Colbaird agus an Bóthar an Chuimhneacháin. Ina theannta sin, cé go bhfuil an t-acomhal deartha chun ceangal a dhéanamh leis an leagan amach aontreo atá ar an mBóthar an Chuimhneacháin faoi láthair, tá breithniú déanta ar an gceangal leis na moltaí atá i bPríomh-Chonair Bhus Ghleann na Life go Lár na Cathrach, a mholann ag déanamh Bóthar an Chuimhneacháin dhá bhealach. Chun é seo a éascú, d'fhéadfaí freastal ar lána nua cas ar dheis ag dul soir ar Bhóthar Choinn Colbaird R148 laistigh de leagan amach an acomhail a bheartaítear.

Ag acomhal an Chuarbhóthar Theas R111, tá roinnt athruithe ar na lánaí tráchta reatha. Ar na bealaí isteach soir agus siar chuig an acomhal bainfear na slioslánaí ar chlé atá ann faoi láthair. Ar an gCuarbhóthar Theas R111 ó thuaidh soláthraítear lána casaithe ar dheis gearr chun gluaiseachtaí bus sa todhchaí a éascú agus chun cúiteamh a dhéanamh ar chasadh srianta atá san áireamh i Scéim Chroí-Chonair Bhus Ghleann na Life go Lár na Cathrach. Chun caighdeán na n-áiseanna coisithe agus rothaithe ag an acomhal seo a fheabhsú, laghdófar líon na lánaí tráchta ginearálta tríd an acomhal sna treo soir, ó thuaidh agus ó dheas agus leathnófar an

Cuarbhóthar Theas R111 feadh an chiumhais thiar tríd an gceantar. acomhal chun cuimsiú raonta rothar leithscartha i ngach treo a éascú.

Ag acomhal R148 Bóthar Eoin Thiar / HSQ agus acomhal R148 Bóthar Eoin Thiar / Bóthar Míleata, baintear na slioslánaí ar chlé atá ann cheana féin agus cuirfear áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe ar fáil, lena n-áirítear trasrian túcánach ar an R148.

Ar an R148 Bóthar Eoin Thiar idir acomhal an Chuarbhóthar Theas R111 agus Stáisiún Heuston tá an chumraíocht reatha lána soir de lána bus amháin agus lána tráchta ginearálta amháin molta a chothabháil.

I dtreo thiar an R148 Bóthar Eoin Thiar tá lána bus leanúnach le cur ar fáil in ionad ceann amháin den dá lána tráchta ginearálta atá ann cheana féin. Moltar raon rothar leithscartha i ngach treo feadh na coda seo. Déanfar an lána scuaine tacsaithe atá ar an taobh thoir a chothabháil idir acomhal An Ceantar Theas agus Stáisiún Heuston, chomh maith leis an stad tacsaithe atá ag an stáisiún faoi láthair.

Ar an gcuid den R148 Bóthar Eoin Thiar idir acomhal An Ceantar Theas agus Stáisiún Heuston beidh gá le roinnt crann a bhaint agus a athchur ionas gur féidir na háiseanna do thacsaithe agus do rothair a bhfuil cur síos orthu thuas a sholáthar. Tá sé molta mar sin go ndéanfaí tírdhreachú ar an ríocht uirbigh a fheabhsú feadh na coda seo den bhóthar. Áirítear leis seo fáil réidh leis an ráille cosanta do choisithe agus plandáil nua, rud a fhágann go mbeidh méadú glan ar líon na gcrann feadh an bhóthair.

I ngarchomharsanacht Stáisiún Heuston soláthraítear lánaí bus leanúnacha agus raonta rothar leithscartha sa dá threo chomh fada le Droichead Phroinsias Uí Shearbháin, rud a cheanglaeoidh an Scéim Beartaithe leis an socrú reatha ag acomhal Ché Victoria. Tá sé beartaithe an soláthar stad bus ar an R148 Bóthar Eoin Thiar a uasghrádú lasmuigh d’aghaidh theas an stáisiúin, le stadanna bus níos faide agus leataobhanna bus curtha ar fáil sa dá threo. Ar thaobh theas an bhóthair beidh gá le roinnt talún a fháil ó Ospidéal an Dr Steevens de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Laghdaíodh fairsinge an éadála talún seo nuair a baineadh an t-airmheán colbha lárnach idir an dá thrasbhealach comharthaithe ar an R148 Bóthar Eoin Thiar, a uasghrádófar chuig trasrian túcánach ardaithe. Tá réimse uirbeach mionsonraithe agus togra tírdhreachaithe forbartha ag an láthair seo.

Tá luasteorainn 30km/uair beartaithe ar an R148 Bóthar Eoin Thiar idir an t-acomhal leis an mBóthar Míleata agus deireadh na Scéime Beartaithe ag an acomhal le Droichead Phroinsias Uí Shearbháin. Tá sé seo mar aitheantas ar an méid ard gníomhaíochta coisithe a bhaineann leis an acomhal iompair phoiblí ag stáisiún Heuston. Cé nach bhfuil aon athrú beartaithe ar thrasnú comharthaithe Líne Dhearg an Luas ná ar na hardáin don stad Luas, tá laghdú beag ar airde molta ag an taobh theas de bhalla cúil an ardáin thoir Luas chun imréiteach a sholáthar don timthriall isteach a bheartaítear rian.

# 7. An Tógáil


Táthar ag súil leis go dtógfadh sé 24 mí go neasach céim tógála na Scéime beartaithe a chríochnú. Tógfar é bunaithe ar chríochnaithe rannacha aonair a mhairfidh ar feadh tamaill níos lú idir trí mhí agus trí mhí déag de ghnáth.

Áireofar i dtógáil na Scéime beartaithe na gníomaíochtaí a leanas:


- Ullmhú an láithreáin agus obair ghlanta, lena n-áirítear:
    - Cúistiúnacht talún nuair is gá talamh sealadach nó buan a ghabháil;
    - Scionsaí agus comharthaí a chur isteach;
    - Cosaint crann agus aon fhásra a chaithfear a choimeád;
    - Fásra a bhaint agus déileáil le speicis neamhdhúchasacha ionracha;
    - Imscrúduithe seandáíochta;
    - Imscrúduithe talún;
    - Bunú na gCompún Tógála;
    - Cur isteach an tsoilsithe shealadaigh;

        - Scartáil, cosaint nó aistriú chuig stór earraí amhail ballaí, geataí, fál, cuaillí solais agus stadanna bus; agus
- Úasghrádaithe bóithre agus sráideanna, lena n-airítear:
    - Tochailt an dromchla bóthair;
    - Cur i bhfeidhm na mbeart sábháilteachta do choisithe agus rothaithe;
    - Cur i bhfeidhm aon dúnadh bóthair nó malairt slí;
    - Tochailt barrithreach agus fo-ithreach
    - Oibreacha ar shiléir, más gá;
    - Ceartú nó úasgráduithe don draenáil;
    - Athailíniú, uasghrádaithe, athsholáthar nó cosaint fóntas agus seirbhísí;
    - Tógáil an chosáin, carrbhealaigh do thrácht ginearálta, lánaí bus, raonta rothar, stadanna bus, stáisiúin bhus, oileáin tráchta, páirceáil ar leataboh ón trácht agus bánna lódála ina measc;
    - Uasghrádaithe ar Acomhail Soilse Tráchta;
    - Uasghrádaithe ar throscáin bóthair (troscán sráide, comharthaíocht, soilsiú, stadanna bus (foscadáin, TCI agus taispeáintí eolais) agus córais chumarsáide ina measc) srl;
- Oibreacha Struchtúracha, lena n-áirítear:
  - Leathnú an Droichid Bhóthar Chnocáin Shépéil Iosóid;
    - Tógáil Claífoirt: Cur agus Dluthú Líonaigh;
    - Tógáil Bunsraitheanna;
    - Tógáil an Fhostruchtúir;
    - Tógáil an bharrthógála; agus
    - Oibreacha Deireanacha.
  - Tógáil an Droichid Coise agus Rothaíochta i mBaile Uí Dhúda;
    - Scartáil an Droichid Coise atá ann;
    - Tochailt le haghaidh Tacaíochtaí an Droichid;
    - Tógáil an Droichid Choise agus Rothaíochta Nua; agus
    - Oibreacha Deireanacha.
- An láithreán tógála a chur as feidhm, lena n-airítear na háiseanna agus trealaimh tógála go léir a bhaint.


Lonnófar Compúin Tógála ar an taobh thoir thuaidh den Acomhal N4 2, le rochtain/imeacht ón Seanbhóthar Leamhcáin, ar an taobh ó thuaidh den N4 os comair an Ionaid Siopadóireachta Ghleann na Life, ó thuaidh den Seachbhóthar Bhaile Phámar agus thoir de Bhóthar Kenelsfort agus ag Páirc Ghaeil na Life, ó dheas den Seachbhóthar Shéipéil Iosóid. Bainfear úsáid as na Compúin Tógála seo chun ábhair agus trealamh a stóráil, chun imeachtaí a bhainistiú agus chun áiseanna leasa a chur ar fáil don fhoireann tógála. Soláthrófar páirceáil teoranta ag na Compúin Tógála seo. Taispéantar an leagan amach do na Compúin Tógála in Íomhá 7.1, Íomha 7.2, Íomha 7.3 agus Íomha 7.4 faoi seach.





**Íomhá 7.1 Suíomh agus Méid an Chompúin Tógála LU1a**




**Íomhá 7.2 Suíomh agus Méid an Chompúin Tógála LU1b**




**Íomhá 7.3 Suíomh agus Méid an Chompúin Tógála LU2**




**Íomhá 7.4 Suíomh agus Méid an Chompúin Tógála LU3**

## 7.1 An Plean Bainistíochta agus Comhshaoil maidir le Tógáil

Ullmhaíodh an Plean Bainistíochta agus Comhshaoil maidir le Tógáil (CEMP) agus déantar cur síos ar an straitéis bhainistíochta agus chomhshaoil a chuirfear i bhfeidhm le linn chéim tógála na Scéime Beartaithe. Áiríonn an CEMP na bearta maolaithe a chuirfear i bhfeidhm chun cosaint chomhshaoil le linn chéim tógála na Scéime Beartaithe. Téann an CEMP i ngleic le bainistíocht tráchta maidir le tógáil, bainistíocht acmhainní agus dramhaíola, bainistíocht uisce dromchla agus bearta freagartha ar eachtraí timpeallachta. Déanfar uasdátú ar an CEMP ag an NTA (Fostóir na n-oibreacha tógála) roimh thús na Céime Tógála, ionas go gcuimseofar aon bhearta breise atá ag teastáil de bhun na gcoinníollacha atá curtha le haon chinneadh chun faomhadh a thabhairt. Leagfaidh an NTA Riachtanais an Fhostóra sa Chonradh Tógála amach, lena n-áirítear na bearta maolaithe infheidhme ar fad a shainítear san EIAR seo, chomh maith le bearta breise atá ag teastáil de bhun na gcoinníollacha atá curtha le haon chinneadh chun faomhadh a thabhairt.

Baineann an CEMP leis an treoir atá sna Treoirlínte TII maidir le Cruthú, Cur i bhFeidhm agus Coinneáil de Phlean Oibriúcháin Timpeallachta, agus an lámhleabhar atá foilsithe ag an gCumann Eolais agus Taighde don Tionscal Tógála (CIRIA) sa RA, Treoir maidir le Dea-Chleachtas Timpeallachta ar an Láthair, 4ú Eagrán (CIRIA 2015).

## 7.2 Plean Bainistíochta Tráchta maidir le Tógáil

Tá Plean Bainistíochta Tráchta maidir le Tógáil ullmhaithe, le léiriú conas a bhainisteofar an t-idirphlé idir an trácht poiblí agus an trácht atá bainteach leis an tógáil agus conas a rialófar gluaiseacht feithicleach.

Fanfaidh na bóithre agus sráideanna atá le huasghrádú feadh na Scéime Beartaithe oscailte don trácht, más féidir, le linn na Céime Tógála. Beidh gá le trácht a chur ar mhalairt slí nó le lánaí a theorannú i gcásanna áirithe chun gluaiseachtaí tráchta a choinneáil le heilimintí ar leith de na hoibreacha a chríochnú, mar shampla dúnófar Bóthar Chnocáin Shéipéil Iosóid do thréthrácht feithicleach ag an suíomh oibre chun na hoibreacha a éascú.

Coinneofar rochtain ar réadmhaoin d'úinéirí/áititheoirí sa mhéid go bhfuil sé indéanta. Cé go mbeadh srianta rochtana sealadacha ar feadh gnáthuaireanta oibre, rachfar i dteagmháil leis na húsáideoirí buailte agus socrófar iad ag dul i gcomhairle leo. Coinneofar rochtain d'fheithiclí éigeandála freisin.

Coinneofar bealaí rothaíochta agus coisithe freisin feadh an bhealaigh go deireadh na n-oibreacha tógála. Cuirfear bealaí malartacha ar fáil chun gluaiseachtaí coisithe agus rothaíochta a éascú, más gá. Coinneofar seirbhísí bus; mar sin féin, beidh gá le cúpla stad bus atá ann a athlonnú ar bhonn sealadach le freastal ar na hoibreacha.

Críochnófar na hoibreacha cuid i ndiaidh choda feadh na conaire ionas nach gcuirfidh an obair tógála isteach ar aon áit thar thréimhse rófhada ama ar feadh na tréimhse de thart ar 24 mhí. Éascóidh an NTA cumarsáid réamhghníomhach de na hoibreacha pleanáilte ag an gconraitheoir ceaptha le cinntiú go gcoinneofar na daoine aonair, gnónna agub pobail bhuailte ar an eolas maidir le bristeacha sealadacha féideartha atá le teacht.

# 8. Tionchair timpeallachta agus a Maolú

Tugann an próiseas EIA deis luachmhar chun tionchair timpeallachta féideartha a laghdú trí mhionleasú deartha, agus tá sé sin ina dlúthchuid den phróiseas deartha don Scéim Bheartaithe, fad is atá gnóthú cuspóirí na Scéime Beartaithe á gcinntiú. Ina theannta sin, tugadh isteach an t-aiseolas a fuarthas ón gclár comhairliúcháin chuimsitheach le linn an fhorbairt deartha agus roghanna a roghnú más cuí.

Tá dearadh na Scéime beartaithe tar éis a bheith forbartha go dtí an bpointe gur féidir na tionchair timpeallachta go léir a bheith aitheanta agus féadtar measúnacht tionchair timpeallachta atá cuimsitheach a bheith déanta. Mar a achoimríodh i gCuid 7.1, leagfaidh an NTA (Fostóir na n-oibreacha tógála) Riachtanais an Fhostóra sa Chonradh Tógála amach lena n-áirítear na bearta maolaithe infheidhme ar fad a shainítear san EIAR seo, chomh maith le bearta breise atá ag teastáil de bhun na gcoinníollacha atá curtha le haon chinneadh faomhadh a thabhairt. Beidh deimhniú cumais an chonraitheora ceaptha maidir le cur i gcrích na n-oibreacha i gceist le fáil conraitheora tógála, cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart maolaithe ina measc. Beidh an conraitheoir ceaptha ag teastáil le hoibreacha tógála na Scéime Beartaithe a phleanáil agus a thógáil de réir Riachtanais an Fhostóra, agus fostóidh an NTA foireann Ionadaíoch an Fhostóra le cumas cuí chun an Conradh Tógála a riar agus monatóireacht a dhéanamh air le cinntiú go gcomhlíonann sé Riachtanais an Fhostóra.

Soláthróidh na codanna seo a leanas acoimhre ar na measunachtaí do chuile topaic timpeallachta agus leagtar síos na tionchair is dócha a bheith ann mar thoradh ar an obair tógála agus oibriú na Scéime beartaithe. Tá cur síos ar na topaicí comhshaoil seo a leanas:

- Trácht & Iompar;
- Caighdeán Aeir;
- Aeráid;
- Torann & Creathadh;
- Daonra;
- Sláinte daonna;
- Bithéagsúlacht;
- Uisce
- Geolaíocht & Hidrigeolaíocht Ithreacha Talún;
- Oidhreacht Seandálaíochta & Chultúrtha;
- Oidhreacht Ailtireachta;
- Tírdhreach (Bailedhreach) & Físiúil;

- Dramhaíl & Acmhainní;
- Sócmhainní ábhair;
- Baol de Mhórthimpistí agus / nó Tubaistí, agus
- Tionchair charnacha agus timpeallachta.

## 8.1 Trácht & Iompar

Tá dhá chuid ar leith den mheasúnacht ar thionchair an tráchta agus iompair: na hathruithe fisiciúla ar an líonra iompair, agus munlú tráchta.

Tá na tionchair tráchta agus iompair briste síos faoi na topaicí seo a leanas do na Céimeanna Tógála agus Oibríochta:

- Tá na measúnachtaí cáilíochtúla mar seo a leanas:
  - **Bonneagar Coisithe:** na hathruithe ar chaighdeán an bhonneagair choisithe mar gheall ar an Scéim Bheartaithe;
  - **Bonneagar rothaíochta:** Na hathruithe ar chaighdéan an bhonneagair rothaíochta de bharr na Scéime Bheartaithe;
  - **Bonneagar do bhusanna:** Na hathruithe ar chaighdéan an bhonneagair do bhusanna de bharr na Scéime Bheartaithe; agus
  - **Páirceáil / Lódáil:** Na hathruithe ar infhaighteacht phairceála agus lódála de bharr na Scéime beartaithe.
- Téann an measúnú bunaithe ar léirshamhail i ngleic le:
  - **Gluaiseacht Daoine:** Rinneadh measúnú chun a fháil amach faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim bheartaithe ar an méid daoine a bheidh ag dul feadh na Scéime beartaithe (de réir mhodh - trácht siúl, rothaíochta, bus agus ginearálta) le linn na Céime feidhmiúcháin;
  - **Táscairí Feidhmíochta an Bhus:** Na hathruithe ar amanna aistir agus iontaofacht beartaithe na mbusanna de bharr na Scéime Beartaithe; agus
  - **Trácht Ginearálta:** Na tionchair díreacha agus indíreacha a tharlóidh do choinníollacha na tráchta ginearálta ar an Scéim Bheartaithe agus ar an líonra bóthair máguaird.

Le haghaidh na céime tógála, ullmhófar sochrúcháin bhainistithe tráchta i gcomhréir leis an 'Lámhleabhar Comharthaí Tráchta, Caibidil 8 Bearta Tráchta sealadacha agus Comharthaí d'Oibreacha Bóithre'. Cuirfear i bhfeidhm bearta chun na tionchair a bhaineann leis an gCéim tógála a mhaolú. Ullmhófar Plean Bainistíochta Soghluaiseachta na Céime Tógála, mar a rinneadh cur síos air sa CEMP, ag an gconraitheoir ceaptha lena pearsanra a mhisniú chun modhanna inbhuanaithe a ghlacadh chun an suíomh a bhaint amach.

Cinneann an measúnacht go mbeidh an tionchar le linn na Céime Tógála diúltach, idir beag agus measartha agus sealadach, agus ní bheidh an tionchar ar thrácht agus iompar suntasach le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe beartaithe.

Cinntíonn na tionchair a ndearnadh measúnú orthu don gCéim oibríochta conas a théann an Scéim bheartaithe le chéile leis an líonra atá ann agus athruithe do shreafaí tráchta san áit staidéir díreach agus neamhdhíreach. Taispeánann an measúnú an méid a leanas:

- **Bonneagar Coisithe:** Ar an iomlán, beidh na feabhsuithe ar chaighdéan an bhonneagair choisithe dearfach, measartha agus fadtéarmach i gCuid 2 agus dearfach, suntasach agus fadtéarmach i gCuid 1 agus 3 den Scéim Bheartaithe.
- **Bonneagar Rothaíochta:** I bhfianaise caighdeáin an bhonneagair rothaíochta atá ann feadh na Scéime Beartaithe, beidh éifeachtaí na bhfeabhsuithe dearfach, measartha agus fadtéarmach i gCuid 1, 2 agus 3
- **Bonneagar Bus:** Léiríonn torthaí na measúnachta go mbeidh na feabhsuithe ar chaighdeán an bhonneagair bhus dearfach, an-suntasach agus fadtéarmach i gCuid 1 agus 2, agus dearfach, domhain agus fadtéarmach i gCuid 3 den Scéim Bheartaithe;

- **Páirceáil agus Lódáil:** I bhfianaise an chaillteanais pháirceála (i.e. páirceáil neamhfhoirmeálta íseal-úsáid ar chodanna den bhóthar ina bhfuil páirceáil easbhóthair ag na réadmhaoine agus gnónna den chuid is mó) agus fáil spásanna malartacha sa cheantar staidéir indíreach, táthar ag súil le go mbeadh na héifeachtaí diúltach, measartha agus fadtéarmach i gCuid 1 agus diúltach, beag agus fadtéarmach i gCuid 2 agus Cuid 3.
- **Gluaiseacht Daoine:** Ar an iomlán, táthar ag súil le go mbeidh éifeacht dearfach, suntasach agus fadtéarmach ag na méaduithe ar líon iomlán na ndaoine atá ag taisteal feadh na Scéime Beartaithe;
- **Feidhmíocht an Líonra Bus:** Ar an iomlán, táthar ag súil le go mbeidh éifeacht dearfach, an-suntasach agus fadtéarmach ag na feabhsuithe ar fheidhmíocht an líonra le haghaidh úsáideoirí bus feadh na Scéime Beartaithe; agus
- **Feidhmíocht an Líonra Tráchta Ginearálta:** Ar an iomlán, tá sé cinnte go mbeidh éifeacht dearfach, beag agus fadtéarmach ag laghdú ar shruthanna tráchta ginearálta feadh na Scéime Beartaithe fad is a bheidh éifeacht fánach ag an trácht ginearálta athdháilte feadh an líonra bóthair máguaird. Mar sin, i gcoitinne ní bheidh morán mheatha ar an dtimpeallacht tráchta sa cheantar.

Soláthróidh an Scéim bheartaithe tionchair mhaithe do chaighdeán an bhonneagair choisithe i rith na Céime oibríochta, tiocfaidh feabhas ar shaoil na ndaoine de réir spriocanna na scéime. Cabhróidh na feabhsuithe seo le rogha tarraingteach eile den charr príobháideach a chur ar fáil agus athruithe a chur chun cinn ó úsáid carranna príobháideacha i bhfábhar an tsiúil, na rothaíochta agus an iompair phoiblí, ag ligint d'iniúlacht níos fearr feadh na conaire chun gluaiseacht inbuanaithe daoine a éascú agus daonra agus léibhéil fostaíochta ag fás amach anseo. Fad is a bhíothas ag forbairt dearadh na scéime seo, cloíodh leis na treoracha rochtana agus prionsabail uilíocha dearaidh atá cuí chun rochtain a chur ar fáil do chuile úsáideoir.

Cé go n-aithnítear go mbeidh roinnt tionchar diúltach ar thrácht ginearálta agus páirceáil/fáil lódála, tá an Scéim Bheartaithe deartha agus leagtha amach laistigh den mheasúnacht seo le bheith ar an eolas faoi na treoirlínte tráchta agus iompair ábhartha. Léiríonn an measúnacht nach mbeidh meath suntasach sa timpeallacht tráchta ginearálta sa cheantar staidéir mar thoradh ar chuspóirí na scéime maidir le tosaíocht do mhodh inbhuanaithe feabhsaithe a chur ar fáil feadh an cheantair staidéir díreach a chomhlíonadh.

Níor smaoiníodh ar bhearta maolaithe agus monatóireachta seachas iad atá tugtha isteach mar chuid den Scéim Bheartaithe cheana féin ó tharla go bhfuil tionchar dearfach ar an siúl, rothaíocht, gluaiseachtaí bus agus daoine ag an Scéim Bheartaithe. Tugtar na tionchair ar an trácht ginearálta agus páirceáil / lódáil, bearta maolaithe ina measc, isteach sa Scéim Bheartaithe agus ní smaoinítear go bhfuil gá le bearta maolaithe breise.

Ina theannta sin, tá sé léirithe ag anailís a rinneadh ag baint úsáid as múnlaí na Scéime Beartaithe go n-éascaíonn an bonneagar bus nua léibhéal suntasach seasmhachta do sheirbhísí bus a bhainfidh úsáid as an Scéim Bheartaithe ó cuirtear i bhfeidhm é amach anseo. Leis an Scéim Mholta, soláthrófar leibhéal níos airde cosanta do chomhsheasmhacht agus d’iontaofacht ama turais bus agus ligfear leis patrún seirbhíse agus minicíocht na seirbhísí bus araon a bheith méadaithe amach anseo chun freastal ar an éileamh breise gan tionchar diúltach suntasach a bheith aige ar iontaofacht am turais bus nó saoráidí rothaíochta agus coisithe a oibriú.

## 8.2 Caighdeán an Aeir

Mar chuid den mheasúnú ar cháilíocht an aeir rinneadh athbhreithniú ar na sonraí foilsithe a bhí ar fáil, chomh maith le hathbhreithniú ar na treoirlínte infheidhmithe, monatóireacht ar cháilíocht an aeir ag láithreáin íogaire ar fad chúrsa na Scéime Molta agus ríomhanna chun tionchair ar cháilíocht an aeir a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh ar an Scéim Mholta a mheas.

Comhlíonann an caighdeán aeir atá ann feadh an chuid is mó den Scéim Bheartaithe na caighdeáin cáilíochta aeir Náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, sáraíodh an luach teorann meán bliantúil do dé-ocsaíd nítrigine (NO2) ag suíomhanna monatóireachta ar Bhóthar Leamhcáin N4, an M50 ó dheas de Sheachbhóthar Shéipéil Iosóid agus an Cé Wolfe Tone R148 i 2018/2019.

I measc na dtionchar a measadh don Chéim Tógála tá astaíochtaí dusta ó imeachtaí amhail ullmhú agus glanadh suímh, fóntais ar mhalairt slí, oibreacha tógála ar bhóithre agus acomhail, agus tírdhréachú. Cuirfear bearta

maolaithe iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú go n-íoslaghdaítear an cur isteach ón deannach tógála le linn na Céime Tógála.

Measadh tionchair ar an gcaighdeán aeir a bhaineann le trácht na Céime Tógála agus athruithe i sruthanna tráchta freisin. Chinn an measúnacht go mbeidh astaíochtaí tráchta na Céime Tógála neodrach sa cheantar staidéir ar an iomlán.

Cinneann an measúnacht ar thionchair fhéideartha ar an gcaighdeán aeir a bhaineann le himeachtaí na Céime Tógála go mbeidh na hoibreacha sealadach agus/nó gearrthéarmach, agus ní bheidh an tionchar ar an gcaighdeán aeir suntasach le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe atá molta.

Níl bearta maolaithe ag teastáil le linn na Céime Oibríochta toisc go n-aithníonn an measúnacht tionchar fánach nó táirbheach go ginearálta ar chaighdeán aeir i gcóngaracht na Scéime Beartaithe. Tá sé tuartha go laghdófar na tionchair seo ina dtionchair fánacha faoi cheann 2043. Cinneann an measúnacht go mbeidh an tionchar foriomlán ar an gcaighdeán aeir feadh na Scéime Beartaithe neodrach agus fadtéarmach.

## 8.3 An Aeráid

Sainmhínítear an aeráid mar an meán-aimsir thar thréimhse ama ar leith. Athrú suntasach ar an meán-aimsir is ea an t-athrú aeráide, agus cé gur feiniméan nádúrtha é an t-athrú aeráide, tá tionchar diúltach á imirt ag gníomhaíochtaí daonna le tamall de bhlianta anuas ar an aeráid trí gháis ceaptha teasa a scaoileadh.

Mar chuid den mheasúnú aeráide, rinneadh athbhreithniú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar na treoirlínte infheidhmithe agus ar na ríomhanna réamhtuartha chun na tionchair a bheidh ar an aeráid a mheas. Rinneadh an Scéim Mholta a mheas ó thaobh a leochaileachta i dtaca leis an athrú aeráide freisin.

I measc na dtionchar a mheasadh le linn na Céime Tógála tá astaíochtaí ó imeachtaí amhail mion-fhóntais ar mhalairt slí, oibreacha bóithre a leathnú, oibreacha tochailte bóithre (más gá), athchumrú bóithre agus acomhail, feabhsuithe sa réimse uirbeach amhail tírdhréachú, chomh maith le bealaí rochtana tógála lena n-áirítear gluaiseacht innealra agus ábhar laistigh agus ó agus go dtí na compúin tógála. Meastar na bealaí tráchta tógála mar chuid den mheasúnacht freisin. Beidh an trácht tógála agus an carbón corpraithe (i.e. an fuinneamh iomlán atá ag teastáil chun táirgí nó seirbhísí a dhéanamh/tháirgeadh) d'aon ábhar tógála a bheidh ag teastáil ina bpríomh-fhoinsí d'astaíochtaí gás ceaptha teasa le linn na tógála.

Ionchorpraíodh bearta maolaithe sa dearadh tógála agus é mar aidhm an carbón ionchorpraithe a bhaineann le Céim Tógála na Scéime Beartaithe a laghdú. I measc na mbeart maolaithe seo tá athsholáthar coincréite ina bhfuil suimint Portland le coincréit ina bhfuil slaig fóirnéise soinneáin mheilte agus ghránaithe, más féidir, athúsáid ábhar, más féidir, laistigh de mhéid na Scéime Beartaithe agus foinsiú áitiúil an ábhair, más féidir, d'ábhar chun na hastaíochtaí corpraithe a bhaineann leis an iompar a laghdú.

Meastar go mbeidh líon iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gCéim Tógála de thart ar 8,498 tona de $CO_2$eq corpraithe d'ábhair thar an tréimhse tógála gar-24 mí de bharr na Scéime Beartaithe, arb ionann é agus iomlán bliantúlaithe 0.011% de sprioc neamh-ETS 2020 na hÉireann agus 0.071% d'Uasteorainn Astaíochta Iompair 2030.

I ndiaidh chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe seo, táthar ag súil le go mbeidh tionchar iarmharach Diúltach, Beag agus Gearrthéarmach ar an aeráid de bharr na Céime Tógála den Scéim Bheartaithe.

Tá sé tuartha go nginfear 440 tona $CO_{2eq}$ ag conneáil na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le Céim Oibríochta na Scéime Beartaithe thar thréimhse saoil tuartha 60 bliain. I ndiaidh chur i bhfeidhm an maholaithe, tá sé tuartha go mbeidh an tionchar Fánach agus Buan.

Cumasóidh an Scéim Beartaithe chun laghduithe breise ar sciar mód gluaisteán a cheadú le haistriú comhfhreagrach chuig modhanna iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta. Is féidir é seo a bhaint amach trí bharrfheabhsú comharthaí, minicíocht mhéadaithe bus, fás breise i mbearta rothaíochta agus bainistíochta éilimh. Tiocfaidh laghduithe breise in astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhéadú níos mó i roinnt modhanna inbhuanaithe dá réir sin, tharstu a thuairiscíodh sa mheasúnacht thuas. Tá sé d'acmhainn na Scéime Beartaithe astaíochtaí

$CO_{2e}$ a laghdú arb ionann iad agus thart ar 18,540 agus 19,740 turais chairr i rith na seachtaine a bhaint den líonra bóithre i 2028 agus 2043 faoi seach. Cuireann sé seo go mór leis an sprioc náisiúnta de 500,000 turas breise tríd an siúl, rothaíocht agus iompar poiblí in aghaidh an lae faoi cheann 2030 mar a leagadh amach mar sprioc sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.

Tá sé tuartha go mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa na tráchta oibríochta a bhaineann le Céim Oibríochta na Scéime Beartaithe Dearfach, Beag agus Buan.

Ar an iomlán, nuair a chuirtear na hastaíochtaí carbóin a bhaineann leis an gcéim coinneála agus leis an gCéim Oibríochta le chéile, beidh na glan-astaíochtaí gás ceaptha teasa Dearfach, Beag agus Buan. Mar sin, beidh an tionchar iarmharach ó thrácht na Céime Oibríochta de bharr na Scéime Beartaithe Dearfach, Beag agus Buan.

Freisin, tacóidh na hOibreacha Bonneagair CBC le soláthar na straitéisí rialtais a leagadh amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus san Acht um Aeráide 2021 trí shoghluaiseacht inbhuanaithe a chumasú agus córas iompair inbhuanaithe a sholáthar, ag ailíniú leis na cuspóirí chun bonneagar siúil, rothaíochta agus bus feabhsaithe a chur ar fáil i gconairí rochtana lárnaí i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin, cumasóidh agus soláthróidh sé seo gluaiseacht iompair inbhuanaithe chomhtháite feadh na gconairí seo (an Scéim Bheartaithe san áireamh). Soláthróidh Oibreacha Bonneagair CBC nascacht agus comhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile as a dtiocfaidh níos mó daoine chun leas a bhaint as iompar poiblí.

Soláthróidh BusConnects rogha tarraingteach eile ar an iompar charr phríobháidí trí chóras iompair phoiblí atá seasmhach agus so-aimsithe a chruthú, ag spreagadh taistil paisinéirí breise ar mhodhanna níos inbhuanaithe. Dá bharr sin, beidh cuid níos mó den éileamh ar mhodhanna inbhuanaithe (iompar poiblí, siúl agus rothaíocht).

## 8.4 Torann & Creathadh

Mar chuid den mheasúnú torainn agus tonnchrith, rinneadh athbhreithniú ar na sonraí torainn bunlíne foilsithe a bhí ar fáil, tugadh monatóireacht torainn agus tonnchrith bunlíne chun críche chun déanamh amach cad iad na leibhéil chúlra reatha, agus measúnú mionsonraithe ar thionchar torainn agus tonnchrith a ghabhann leis na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin freisin. Sna suirbhéanna bunlíne, cinneadh gurb é an trácht ar bhóithre an príomhfhoinse torainn laistigh de limistéar an staidéir, agus ina dhiaidh sin go raibh foinsí áitiúla uirbeacha agus bruachbhailteacha mar mhionchúiseanna leis chomh maith, mar shampla ghluaiseachtaí coisithe agus gníomhaíochtaí tráchtála.  Níl aon fhoinsí tonnchrith suntasacha sa timpeallacht máguaird. Gintear léibhéal fánach creatha ag an trácht bóthair feadh an líonra bóithre atá ann a bheadh inbhraite d'áithitheoirí an fhoirgnimh.

I measc na dtionchar féideartha a mheasadh don Chéim Tógála, bhí giniúint torainn agus creatha ó fhóntais ar mhalairt slí, athdhromchlú bóthair agus oibreacha leathnaithe bóithre. Rinneadh bealaí tráchta tógála a mheas mar chuid den mheasúnú freisin.

I measc na dtionchar a measúnaíodh do Chéim na Tógála bhí giniúint torainn agus creathadh ó oibreacha ginearálta bóithre lena n-áirítear athchumrú bóithre agus acomhail agus oibreacha athdhromchlaithe, agus nuair ba ghá, oibreacha leathnaithe bóithre, atreoruithe áirgiúlachta, déileáil ciúin ar shráideanna, feabhsuithe ar an ríocht uirbeach lena n-áirítear tírdhreachtú, balla teorann tógála agus oibreacha coimhdeacha eile. Rinneadh measúnú freisin ar bhealaí tráchta tógála mar chuid den mheasúnú.

Cuirfear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm fad atá an Chéim Tógála ar siúl, lena n-áirítear úsáid chuí as clóis nó sciatha fuaimiúla más gá chun an torann a laghdú mar aon le monatóireacht torainn ag gabhdóirí íogaire gar do na ceantair oibre. Déanfar monatóireacht ar chreathadh ag foirgnimh íogaire aitheanta ag na háiteanna a bhfuil sé féideartha go mbeadh na hoibreacha beartaithe ag an luach teorann creatha nó go sárófar iad.

I ndiaidh cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe seo, táthar ag súil le go mbeadh na tionchair torainn a bhaineann leis an gCéim Tógála Diúltach, Neamhthábhachtach go Measartha, agus Sealadach le linn na gcéimeanna tógála lárnacha ar fad thar thréimhsí i rith an lae. Thar thréimhsí san iarnóin, beidh tionchair torainn a bhaineann leis an gCéim Tógála Diúltach, Neamhthábhachtach go Tábhachtach agus Sealadach laistigh de 20m de na hoibreacha ag brath ar na himeachtaí ar leith. Le glacadh na modheolaíochtaí dea-chleachtais, is féidir tionchair chreatha ag na háitribh is íogaire a mhaolú go sásúil go léibhéil inghlactha a bhaineann le suaitheadh.

Baineann na tionchair a mheasadh le linn na Céime Oibríochtúla le hathruithe i léibhéil torainn tráchta feadh na Scéime Beartaithe de bharr trasghearrthacha athchumraithe, chun lánaí bus nua nó uasghrádaithe agus athruithe tuartha i ngluaiseacht tráctha a thuar. Ailíníonn an Scéim Bheartaithe le cuspóirí bearta chun teagmháil an phobail le torann tráchta ar fud na cathrach a laghdú trí thabhairt isteach iompar poiblí feabhsaithe, agus aistir bhus, traenacha agus rothaíochta a mhéadú agus flít leictreach agus gás nádúrtha a úsáid in ionad an fhlít díosal.

Nuair atá sé oibríochtúil, beidh tionchar Dearfach go Neodrach feadh na Scéime Beartaithe mar gheall ar laghdú i méideanna tráchta le linn na Bliana Oscailte (2028) agus na Bliana Deartha (2043) araon.

Le linn na Bliana Oscailte (2028), tarlóidh athrú Indíreach, Dearfach, Dofheicthe, Gearr go Meántéarmach go, Diúltach, Beag, Gearr go Meántéarmach i léibhéil torainn na tráchta feadh an líonra bóithre máguaird lasmuigh den Scéim Bheartaithe. Cé go dtarlóidh gné den athdháileadh tráchta le linn an lae, tá na tionchair torainn iarmhartacha diúltach, beag agus gearr go meántéarmach.

Le linn na Bliana Deartha (2043) tarlóidh athrú Indíreach, Dearfach, Dofheicthe, Fadtéarmach go Diúltach, Neamhthábhachtach go Beag, Fadtéarmach ar léibhéil torainn na tráchta feadh an líonra bóithre máguaird lasmuigh den Scéim Bheartaithe. Cé go dtarlóidh gné den athdháileadh tráchta le linn an lae, tá na tionchair torainn iarmhartacha diúltach, beag agus gearr go meántéarmach. Níl aon tionchar suntasach torainn nó creathadh iarmharach sa Chéim Oibriúcháin ag baint leis an Scéim Beartaithe, agus cuspóirí na scéime á gcomhlíonadh ag an am céanna.

## 8.5 Pobal

Rinne an measúnacht pobail machnamh ar thionchair ar an bpobal áitiúil, cónaitheoirí, pobail agus gnónna laistigh den cheantar staidéir. Bhí 10 ceantair phobail laistigh den cheantar staidéir phobail: Leamhcán, Rualach - Gleanntán an Choiréil, Baile Phámar, Baile Formaid Uachtarach, Séipéal Iosóid, Baile Formaid, Inse Chór (Máire Gan Smál), Inse Chór (Nh Míchéal), Sráid San Séamas; agus Sráid Halston.

Timpeall na gconairí iompair mhóir den Bhóthair Náisiúnta N4, an Mótarbhealach M50 agus an Seachbhóthar Shéipéil Iosóid R148 tá na ceantair chónaithe laistigh de na pobail Leamhcán, Rualach - Gleanntán an Choiréil, Baile Phámar agus Baile Formaid méadaithe. Tá an líon is airde d'acmhainní pobail agus fóillíochta sa cheantar lonnaithe i gceantar pobail Leamhcáin. Tá an t-Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life ann mar phríomh-ghné den cheantar mar chroílár na tráchtála in aice leis an mBóthar Náisiúnta N4 / acomhal Mhótarbhealach M50, fad is atá Páirc an Fhionnuisce agus an Pháirc Chuimhneacháin an Chogaidh Náisiúnta i measc na n-acmhainní fóillíochta lárnacha.

I dtreo Lár na Cathrach, i gceantar pobail na Sráide San Séamas, baineann an pobal tairbhe as carachtar stairiúil suntasach toisc go bhfuil cúpla suíomh a bhfuil spéis oidhreachta seandálaíochta, stairiúil agus cultúrtha acu, lena n-áirítear Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Ospidéal Dr Steeven, Gairdíní Cuimhneacháin an Chogaidh agus Stáisiún Heuston agus oibreacha iarnróid bainteacha. Áirítear ar na tionchair ar an daonra a ndearnadh measúnú orthu le haghaidh na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin:

- Tionchair indíreacha ag áis ar áiseanna pobail agus gnónna tráchtála ó mheascán de thionchair iarmharacha aeir, torainn, tráchta agus radhairc. Tionchair díreacha ar ghnónna tráchtála a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chumas gnónna a bheith i mbun gnó go ráthúil;
- Fáil talúin sealadach agus buan ó réadmhaoine cónaithe, áiseanna pobail agus gnónna tráchtála lena n-áirítear laghdú ar ghairdíní tosaigh, cabhsaí, léibhinn phríobháideacha agus spásanna páirceála príobháideacha; agus
- Athruithe ar an inrochtaineacht do shiúlóirí, rothaithe, úsáideoirí bus agus feithiclí príobháideacha ar fad na Scéime Molta agus sa líonra bóithre in aice leis mar thoradh ar thrácht tógála, ar an atreorú slí agus bearta bainistíochta tráchta le linn na Céime Tógála agus trácht ginearálta a atreoraítear le linn na Céime Oibriúcháin.

Chinn an measúnacht go mbeidh tionchair diúltacha, neamhthábhachtacha agus gearrthéarmacha ar áiseanna pobail sna ceantair pobail i Leamhcán, Rualach - Gleanntán an Choiréil, Baile Phámar, Séipéal Iosóid, Baile Formaid, Inse Chór (Máire gan Smál) agus Sráid San Séamas le linn na Céime Tógála. Táthar ag súil le go


mbeadh tionchair neodracha, neamhthábhachtacha agus gearrthéarmacha ar áiseanna sna ceantair pobail eile (Baile Formaid Uachtarach, Inse Chór (Nh Míchéal) agus Sráid Halston) le linn na Céime Tógála. Táthar ag súil le go mbeadh tionchar diúltach, suntasach agus gearrthéarmach ag an gCéim Tógála ar Chlub CLG Gaeil na Life atá lonnaithe in Inse Chór (Muire gan Smál) toisc go bhfuil sé in aice le suíomh an Chompúin Tógála LU3. Táthar ag súil le go mbeadh éifeacht diúltach, measartha agus gearrthéarmach ar Chlub Gailf an Hermitage, atá lonnaithe i gceantar pobail Leamhcáin, le linn na tógála mar gheall ar an tógáil talún atá ag teastáil chun na oibreacha a dhéanamh. Táthar ag súil le go mbeadh éifeacht diúltach, beag agus gearrthéarmach ar Pháirc Hermitage agus ar Chlinic Leighis an Hermitage, iad lonnaithe i gceantar pobail Leamhcáin freisin, le linn na céime tógála. Ar an iomlán, ceaptar go mbeidh an tionchar den tógáil talún ar na ceantair phobail ar fad atá i gceist diúltach, beag agus gearrthéarmach le linn na céime tógála.

Táthar ag súil le tionchair dearfacha, measartha go an-suntasach agus fadtéarmacha ar choisithe, rothaithe agus úsáideoirí bus sna ceantair phobail i Leamhcán, Rualach - Gleanntán an Choiréil, Baile Phámar, Baile Formaid Uachtarach, Séipéal Iosóid, Inse Chór (Máire gan Smál) agus Sráid San Séamas le linn na Céime Oibríochtúla. Táthar ag súil le go mbeidh tionchar dearfach, beag agus fadtéarmach ag rochtain ar áiseanna pobail agus ghnónna tráchtála trí fheithiclí príobháideacha feadh na Scéime Beartaithe sna ceantair phobail i Leamhcán, Rualach - Gleanntán an Choiréil, Baile Phámar, Baile Formaid Uachtarach, Séipéal Iosóid, Inse Chór (Muire gan Smál) agus Sráid San Séamas. Beidh tionchar tógála talún tráchtála diúltach, nach suntasach agus fadtéarmach ar na limistéir phobail i Leamhcán, i mBaile Phámar, i Sráid San Shéamais agus i Rualach – Gleanntán an Choiréil. Níltear ag súil le go mbeadh athrú rochtana sna ceantair phobail eile ar fad toisc go bhfuil tionchar na tráchta athdháilte neodrach, neamhthábhachtach agus fadtéarmach agus dá bharr sin, níltear ag súil le go n-athróidh sé rochtain sa líonra bóithre máguaird.

Tabharfaidh baint amach aidhmeanna agus cuspóirí na Scéime Beartaithe rogha tarraingteach eile ar úsáid feithiclí príobháideacha agus aistriú córa iompair i bhfábhar an tsiúil, na rothaíochta agus iompair phoiblí a chur chun cinn, ag ligint d'acmhainn níos mó feadh na conaire chun rochtain a bheith ar ghabhdóirí cónaithe, pobail agus tráchtála.

## 8.6 An tSláinte Daonna

Beidh tionchar tábhachtach ag idirghníomhú fachtóirí amhail saintréithe ar leith, stíl mhaireachtála agus 'cinntithigh sláinte níos leithne' (an timpeallacht fisiciúil, sóisialta agus eacnamaíoch) ar shláinte phobail. Tá siad sin léirithe in Íomhá 8.1 Cinntithigh níos leithne Sláinte (Foinse: Dahlgren agus Whitehead 1991).




**Íomhá 8.1 Cinntithigh níos leithne Sláinte (Foinse: Dahlgren agus Whitehead 1991)**

Is ceist í na míchothromaíochtaí sóisialta sláinte atá bainteach, arb iad na difríochtaí éagothroma agus inseachanta i stádas sláinte thar ghrúpaí sa tsochaí. Ba í aidhm an mheasúnaithe seo ná na cinntithigh ar shláinte i gcoitinne a shainaithint a bhfuil sé dóchúil go mbeadh tionchar ag an Scéim Mholta orthu agus an bhaint atá ag na tionchair sin le torthaí sláinte.

Faoi láthair, tá stádas sláinte foriomlán níos fearr ag muintir Bhaile Átha Cliath, agus rátaí báis níos ísle acu ná mar atá ag muintir na hÉireann ar an meán.

Tá na léibhéil truaillithe aeir i mBaile Átha Cliath beagnach ar fad laistigh de luachanna teorann an AE maidir le dé-ocsaíd nítrigine agus ábhar cáithníneach.

Is cúis le crá é neamhchosaint roimh an torann tráchta agus, nuair atá an leibhéal neamhchosanta an-ard ar fad, tá sé nasctha le go leor torthaí díobhálacha sláinte eile. Tá teagmháil fhorleathan sa cheantar staidéir le léibhéil torainn a sháraíonn na léibhéil atá leagtha amach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun torthaí sláinte diúltacha a chosc. Ach, mar sin féin, sin iad na leibhéil torainn a bhítear ag súil leo go hiondúil i ngnáth-thimpeallacht uirbeach.

Tá seans ann go mbeidh plódú tráchta atá méadaithe ar bhonn sealadach mar gheall ar bhearta bainistíochta tráchta agus atreoruithe ina chúis frustrachais agus mhíshásaimh do chomaitéirí agus do dhaoine atá ag taisteal go dtí coinní ach go háirithe. D'fhéadfadh an torann agus an tonnchrith tógála, chomh maith leis an deannach ón tógáil, a bheith ina chúis le crá do roinnt cónaitheoirí agus oibrithe sa cheantar in aice láimhe. Ós rud é gur sealadach agus gur gearrthéarmach na tionchair seo, d'fhágfadh sé nach mbeadh sé dóchúil go mbeadh aon tionchar buan ar an tsláinte.

Seans go mbeadh gá le roinnt oibreacha a dhéanamh i rith na hoíche. Méadóidh sé seo an dóchúlacht go dtarlóidh suaitheadh codlata sa phobal cónaithe in aice láimhe ar bhonn sealadach de bharr an torainn a bhaineann leis na hoibreacha tógála. Tá baol ann go gcuirfear isteach ar chodladh daoine i rith an lae mar gheall ar an torann

tógála chomh maith, i gcás sealoibrithe. Tá bearta maolaithe chun an torann a bhaineann leis na hoibreacha tógála a rialú agus a theorannú mar chuid den EIAR.

D'fhéadfadh an gá atá le hatreoruithe coisithe agus rothaíochta timpeall ceantair na n-oibreacha tógála borradh a chur faoi bhaol na tuairteanna, mura bhfuil siad deartha agus bainistithe mar is cuí. Tá rothaithe agus coisithe níos leochailí ó ghortú agus ó bhás má bhuailtear iad agus teastaíonn níos mó cosanta uathu dá bharr. Táthar tar éis an bhainistíocht tráchta a mheas ar mhaithe le bearta chun cosaint a thabhairt do choisithe agus do rothaithe i ngach láthair ar fad na Scéime Molta a leagadh amach. Agus na bearta seo i bhfeidhm, maolófar na rioscaí a bheidh ann. Ó tharla go mbeidh na hoibreacha tógála gearrthéarmach agus sealadach, go bunúsach, níl sé dóchúil go mbeidh aon méadú ar an neamhchosaint roimh riosca do choisithe agus do rothaithe sa bhreis ar na treochtaí sa timpeallacht sráide i mBaile Átha Cliath i gcoitinne faoi láthair mar thoradh ar an Scéim Mholta. Ina theannta sin, coinneofar rochtain ar Chlinic Leighis an Hermitage le linn na Céime Tógála.

Ceaptar nach dócha go bhfuil aon éifeachtaí sláinte eile ó Chéim Tógála na Scéime Beartaithe. Cruthófar deiseanna chun gníomhaíocht choirp rialta a thabhairt isteach i saol laethúil an phobail mar gheall ar an Scéim Mholta trí na saoráidí feabhsaithe do choisithe agus do rothair, chomh maith leis an siúlóid chuig stadanna bus, agus ar ais uathu. Tá sé tuartha go mbeidh torthaí dearfacha sláinte mar thoradh air seo toisc go n-athróidh daoine áirithe a n-iompraíocht taistil agus go mbainfidh siad leas as níos mó gníomhaíochta choirp rialta dá bharr. Mar gheall ar bhearta maolaithe a bheith i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh foinse nua torainn ann do dhaoine a chónaíonn gar do chuid de na stadanna bus nua atá beartaithe. D'fhéadfadh sciar beag de chónaitheoirí teagmháil a bheith acu le torann tráchta méadaithe ó thrácht atreoraithe feadh sráideanna áirithe. Ach, mar sin féin, i gcás fhormhór na ndaoine, áfach, ní bheidh aon athrú inbhraite ar an torann comhshaoil mar gheal ar an Scéim Mholta.

Tá sé dóchúil go spreagfar níos mó idirghníomhaíochta sóisialta ar fad chúrsa na Scéime Molta mar gheall ar laghduithe ar an trácht ginearálta, chomh maith le bonneagar feabhsaithe do choisithe agus feabhsúcháin ar an sráid-dreach, agus go mbeidh torthaí dearfacha sláinte mar thoradh air sin, dá réir, ar an meabhairshláinte, mar shampla. Táthar ag súil leis go dtabharfar isteach amanna turais níos fearr agus iontaofacht fheabhsaithe do thurais iompair phoiblí mar gheall ar an mbonneagar iompair phoiblí nua, agus go mbeidh torthaí meabhairshláinte níos fearr, mar shampla níos lú struis, chomh maith le rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí sláinte, fostaíochta, oideachais agus fóillíochta. Tacóidh cuimisú na mbeart tosaíochta do bhusanna agus na bhfeabhsuithe ar bhonneagar coisithe agus rothaíochta le rochtain níos sábháilte agus níos cothroime dóibh siúd nach mbaineann úsáid as carr nó nach féidir. Meastar go mbeidh tionchair dhearfacha aige seo ar shláinte, trí aghaidh a thabhairt ar na deitéarmanaint níos leithne seo agus ar na neamhionannais sláinte. Ina theannta sin, bheadh feabhas curtha leis an timpeallacht uirbeach agus bheadh sé níos éasca teacht a fháil uirthi do réimse níos leithne coisithe, lena n-áirítear daoine lagamhairc, úsáideoirí i gcathaoireacha rothaí agus daoine le lagú soghluaisteachta freisin. Níl aon chontúirtí nó torthaí sláinte eile aitheanta mar ábhartha do Chéim Oibríochtúla na Scéime Beartaithe.

## 8.7 Bithéagsúlacht

Chuimsigh an measúnacht bithéagsúlachta (éiceolaíocht) athbhreithniú ar na sonraí foilsithe atá ar fáil chun aon ghnéithe le fiúntas éiceolaíochta a aithint agus suirbhéanna allamuigh ar ghnáthóga, ialtóga, mamaigh talún, éin, amfaibiaigh (froganna agus earca luachra) agus reiptílí.

Ní bheidh aon fhorluí idir an Scéim Bheartaithe agus aon suíomh Eorpach. Is é Gleann na Rí/Carton SAC an suíomh Eorpach is cóngaraí don Scéim Bheartaithe, atá lonnaithe tuairim is 4.3km thair agus thuas an abhainn. Is é SPA Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus Inbhear na Tulchann an suíomh Eorpach is cóngaraí don Scéim Bheartaithe a bhfuil nasc hidreolaíoch díreach aige, agus é lonnaithe thart ar 4.4km thíos an abhainn ón bpointe trasnaithe molta ar an gCamóg, áit nach bhfuil gnáthóga laistigh de na ceantair seo ag teacht le gnáthóga QI faoi láthair, agus / nó gnáthóga ar a bhfuil speiceas QI / SCI na n-gnáthóga in aice láimhe ag brath don sealgaireacht, sos a thógáil / fáireadh agus / comaitéireacht.

Is é an SAC Chuan Bhaile Átha Cliath Theas an chéad suíomh is cóngaraí eile, agus é lonnaithe thart ar 5.4km thíos an abhainn ó phointe trasnaithe molta na Camóige.

I measc na bpríomh-ghnáthóga laistigh den Scéim Bheartaithe tátailte curaíochta, ceapacha agus teorannacha bláthanna, foirgnimh agus dromchlaí saorga, aibhneacha taoide, talamh salach agus lom, talamh lom a athchoilíniú, aibhneacha ísealchríche/fosaithe, féaraigh talmhaíochta feabhsaithe, féarach áise (feabhsaithe), cluainte tirime agus gruaimhíní, coillearnach leathanduille cónaithe measctha, coillearnach leathanduille/buaircínigh measctha, crainn scaipthe agus fearann páirce, fál sceach, crannteorainneacha, scrobarnach, coillearnach neamhaibí agus scrobarnach ornáideach/neamhdhúchasach.

I measc na bpríomh-ghnáthóga atá laistigh den Scéim Bheartaithe tá coillearnach leathanduille measctha, fál sceach, crannteorainneacha, scrobarnach, ceapacha agus teorannacha bláthanna, talamh féaraigh agus foirgnimh agus dromchlaí saorga. D'aithin an staidéar:

- Coillearnach leathanduille measctha, nach bhfuil coitianta sa cheantar máguaird agus atá réasúnta saibhir ó thaobh speiceas de i gcomhthéacs na conaire bóithre agus timpeallacht tógtha/gnáthóga máguaird atá ann;
- Coillearnach leathanduille measctha/buaircínigh, nach bhfuil coitianta sa cheantar máguaird agus atá réasúnta saibhir ó thaobh speiceas de i gcomhthéacs na n-gnáthóga máguaird;
- Crainn scaipthe agus fearann páirce, nach bhfuil coitianta sa cheantar máguaird agus atá réasúnta saibhir ó thaobh speiceas de i gcomhthéacs na n-gnáthóga máguaird;
- Fál sceach, nach bhfuil coitianta sa cheantar máguaird;
- Crannteorainneacha, arb é plandú sráid uirbí feadh cosán/stráice talún áise féaraigh agus imill bhóthar de ghnáth;
- Scrobarnach, mar gheall ar cheannasacht aonspeiceasach scrobarnaí agus easpa bithéagsúlachta plandúla coibhneasta ar an iomlán;
- Coillearnach neamhaibí, de bharr a cuid plandála monashaothraithe agus ganntanas flóra talún;
- Scrobarnach ornáideach/neamhdhúchasach, mar gheall ar a nádúr antrapaigineach agus bithéagsúlacht speicis atá measartha íseal;
- Trí speiceas ialtóige (ialtóg Leisler, ialtóg fheascrach, ialtóg shopránach);
- Gnéithe fara féideartha (suíomhanna ina dtógann ialtóga sos) i gceithre chrann atá lonnaithe laistigh de theorainn na scéime. Coinneofar na ceithre chrainn uilig sa Scéim Bheartaithe;
- Gan aon fhianaise ar bhroc;
- Níor aimsíodh comhartha madraí uisce ar bith le linn an tsuirbhé;
- Frog coiteann agus earc luachra laistigh de 1km den Scéim Bheartaithe. Cuimsíonn sé seo taifid den frog coiteann ag Baile Phámar i 2020 agus taifid d'earc luachra ag Caisleán Bhaile Átha Cliath;
- Fianaise ar bith de reiptilí; agus
- Figiúr iomlán de 115 speiceas d'éin ghoir agus 15 speiceas d'éin gheimhrithe.

Féadfaidh na tionchair fhéideartha ar bhithéagsúlacht don Chéim Tógála teacht as:

- Ullmhú agus imréiteach láithreán;
- Baint teorannacha, cosán, cuaillí solais, stadanna bus, rampa droichid, droichid agus comharthaí atá ann;
- Cosaint agus/nó atreorú seirbhísí atá faoi thalamh;
- Leathnú bóithre, atógáil cosán, agus feabhsúcháin ar cholbhaí;
- Athchumrú lánaí tráchta ar fud;
- Athcheangal bonneagair nua draenála agus bonneagar atá ann le bonneagar draenála uisce dromchla atá ann;
- Cur isteach stadanna bus nua agus athruithe acomhail;
- Soláthar struchtúr nua (droichid, ballaí coinneála srl (m.sh. athsholáthar droichid choisithe agus rothaíoctha thar an N4 ag Bóthar Bhaile Eoghain; droichead coise thar an N4 ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life; leathnú an droichid ag Bóthar Chnocáin Shéipéil Iosóid; agus;

ballaí coinneála feadh an N4, ag Club Gailf an Hermitage agus Clinic Leighis an Hermitage san áireamh))

- Tógáil talún sealadach agus buan ag líon ceantar lárnach, ina measc;
  - Club Gailf an Hermitage - balla teorann agus crainn bainte agus athlonnaithe
  - Clinic Leighis an Hermitage - balla teorann bainte agus athlonnaithe
  - Compún Comhairle SDCC ag Acomhal 2 N4 - tógáil talún sealadach anseo do sholáthar compúin tógála
  - Féarach áise ag Seachbhóthar Bhaile Phámar do sholáthar compúin tógála
  - Féarach áise ag Club CLG Gaeil na Life do sholáthar compúin tógála
- Athshlánú teorainneacha maoine, athsholáthar comharthaíochta; colúin soilsithe a athlonnú agus/nó a shuiteáil; agus
- Tírdhreachú agus plandáil crann, agus éadálacha talún sealadacha a athbhunú.

Cuirfear réimse bearta maolaithe i bhfeidhm chun na tionchair diúltacha ar bhithéagsúlacht le linn na Céime Tógála a sheachaint nó a laghdú, suirbhéanna réamh-thógála d'ialtóga agus do bhroic, agus plandáil athsholáthartha ina measc. Cuirfear bainistíocht speicis ionrach i bhfeidhm chun aon bhaol go gcuirfeadh an Scéim Beartaithe le scaipeadh na speiceas ionrach a mhaolú.

Chinn an mheasúnacht nach mbeidh tionchar suntasach ar bhithéagsúlacht le linn na tógála agus an fheidhmithe thar an léibhéal áitiúil le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe molta gan aon drochthionchar suntasach tuartha d’aon Suimeanna Caomhantais Speisialta ar aon suíomh Eorpach.

Ina theannta sin, déantar tionchair fhéideartha ar shuíomhanna ainmnithe Eorpacha a mheas go sonrach i Ráiteas Tionchair Natura (NIS), atá mar chuid den iarratas seo freisin. Is é conclúid an NIS ná nach mbeidh tionchar diúltach á imirt ag an Scéim Bheartaithe ar chaighdeán suímh Eorpaigh ar bith.

I ndiaidh cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe, ní thiocfaidh aon éifeacht iarmharach suntasach a aithnítear ina n-aonar nó go carnach le chéile le forbairtí molta eile le linn na Céime Oibríochtúla as an Scéim Bheartaithe.

## 8.8 Uisce

Bhí staidéar bunaithe ar dheasc agus cur i gcrích na suirbhéanna allamuigh i gceist leis an measúnacht usice le coinníollacha reatha an uisce dromchla a dheimhniú chun tionchair dhóchúil na Scéime Beartaithe a aithint.

Beidh an Scéim Mholta suite laistigh de dhobharcheantar Abhainn na Life atá ar cheantar uirbeach agus tionsclaíoch é den chuid is mó. Is iad na cinn seo a leanas na dobharlaigh a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe:

- Life_170; a ardaíonn ó dheas den N7 i gcóngaracht Crookshane agus a ritheann ó thuaidh go hiondúil go dtí Ráth Críodáin, Baile Bhluindéil agus an Ghráinseach go dtí Leamhcán. Buaileann go leor craobh-aibhneacha leis ar an mbealach agus tá sé thart ar 16km d'fhad. Tá sé laistigh de Cheantar Cothaitheach Íogair na Life.

- Life_180, atá thart ar 25km agus ina bhfuil príomhchainéal na habhann ó Leamhcán go Séipéal Iosóid, craobh-abhainn an Rúscaí (ó Dhún Búinne go dtí Leamhcán) agus líon mionchraobh-aibhneacha eile (Abhainn Hermitage, Abhainn Ghort Anna, Abhainn Ghleanntán an Choiréil, Abhainn Steach Gob, Abhainn gan ainm i mBaile an Chairpintéaraigh, Sruthán Gharrán Chluain Fada agus Sruthán Ghleann Álainn). Tá sé laistigh de Cheantar Cothaitheach Íogair na Life.

- Life_190, atá thart ar 3km idir Séipéal Iosóid agus Droichead na hInse, ina bhfuil cuid bheag de phríomhchainéal na hAbhann Life agus craobh-aibhneacha, Sruthán na hArmlainne agus Sruthán Creosote. Tá sé laistigh de Cheantar Cothaitheach Íogair na Life.

- Inbhear Uachtarach na Life, arb dobharlach idirthréimhseach é atá laistigh de Cheantar Cothaitheach Íogair na Life. Ritheann sé isteach in Inbhear Íochtarach na Life sula bhaineann sé Cuan Bhaile Átha

Cliath amach. Clúdaíonn an dobharlach ceantar 0.2km$^2$ ó Ghairdín Cuimhneacháin Náisiúnta an Chogaidh go dtí thart ar 40m thuas an abhainn ó Dhroichead Cuimhneacháin Thalbóid, a mharcálann teorainn thuas an abhainn d'Inbhear Íochtarach na Life; agus

- Camac_040, atá thart ar 14km fada agus a chuimsíonn príomh-mhír na habhann ó Chluain Dolcáin go dtí go mbuaileann sé le hInbhear Uachtarach na hAbhann Life ag Stáisiún Heuston. Cuimsíonn sé líon craobh-aibhneacha suntasacha agus beaga freisin, ina measc; Sruthán Bhaile an Mhóta, Sruthán Robinhood, Sruthán Bhaile Bhailcín agus Caisléan Dhroimeanaigh nó Sruthán Bhaile Bhailcín.

Seo a leanas stádas Chreat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (WFD) Seo a leanas stádas Chreat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (WFD) na ndobharlach, agus a stádas i mBaol (gan a chuspóirí WFD a bhaint amach):

- Life_170: Stádas Éiceolaíochta Maith (GES) - An baol ann nach gcoinneofar GES;
- Life_180: Stádas neamhshannta - An baol ann nach mbainfear GES amach;
- Life_190: Stádas Éiceolaíochta measartha - An baol ann nach mbainfear GES amach;
- Inbhear Uachtarach na Life: Stádas Éiceolaíochta Maith - An baol ann nach gcoinneofar GES; agus
- Camac_040: Drochstádas - An baol ann nach mbainfear GES amach.

Faoi láthair, draenálann uisce dromchla feadh conaire na Scéime Beartaithe i gcóras uisce dromchla a sceitheann sna dobharlaigh ar fad seachas Camac_040 agus i gcomhchóras séarachais agus ar aghaidh go dtí uasghrádú ionad cóireála na Rinne. Baineann an príomh-bhrú atá ar chaighdeán an uisce le rith chun srutha uirbeach agus sceitheann sé ón gcomhchóras séarachais.

Tá Measúnacht Riosca i gcás Tuilte déanta don Scéim Bheartaithe a shocraigh go mbeadh ceann thoir (lár na cathrach) na Scéime Beartaithe i Zón Tuile B, áit a bhfuil dóchúlacht na tuile ó aibhneacha agus ón bhfarraige ard.

I measc na dtionchar a mheastar le linn na Céime Tógála tá tionchair ó rith chun srutha tógála agus suaitheadh sruthchúrsa mar gheall ar fhóntais ar mhalairt slí, athdhromchlú bóthair agus athailíniú bóthair.

Le linn na Céime Tógála, tá seans ann go mbeidh tionchar imeartha ar chaighdeán an uisce sa chúig dhobharlaigh ag rith chun srutha uisce dromchla ina bhfuil dríodair mhíne, doirteadh tionóisceach agus sceitheadh ábhair thógála tionóisceach trí cheangail córais an uisce dromchla. Tá seans ann go gcuirfear isteach ar líonraí draenála áitiúla más gá iad a chur ar mhalairt slí le ligint do na hoibreacha tógála.

Tugtar aghaidh ar an mbainistíocht uisce dromchla sa CEMP, ina sonraítear bearta rialaithe agus maolaithe chun aon drochthionchar suntasach ar an timpeallacht uisce dromchla a sheachaint, a chosc nó a laghdú le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe. Ina measc, tá riachtanas le plean freagartha ar eachtraí timpeallachta; rialú rith chun srutha na ndríodar mín; bainistíocht stórála na n-ábhar / mbreoslaí, agus bainistíocht feithiclí agus plandála. Ina theannta sin, moltar bearta suíomhoiriúnaithe chun tionchair diúltacha a mhaolú nó a laghdú a mbaineann leis an gCompún Tógála, na hoibreacha gar don Life_180 ag an mbealach isteach do Chlub Gailf an Hermitage agus an leathnú ó thuaidh den N4 le freastal ar an raon rothar agus coisithe débhealaigh a bhfuil baint crann ag Club Gailf an Hermitage agus Clinic Leighis an Hermitage ag teastáil uaidh.

I ndiaidh chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe, níltear ag súil le tionchair iarmharacha suntasacha ar bith ar aon dobharlach de bharr na Céime Tógála den Scéim Bheartaithe. I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibriúcháin, áirítear na tionchair fhéideartha uisce dromchla a bhaineann le réimsí neamh-thréscaoilteachta agus díláithrithe tráchta. Le linn na Céime Oibriúcháin, mar gheall ar dhearadh na Scéime Molta, beifear in ann a dheimhniú nach mbeidh aon mhéadú glan ar rátaí rith chun srutha uisce dromchla isteach in aon cheann de na dobharlaigh idirnasctha ag baint úsáid as teaglaim de chórais draenála inbhuanaithe i bhfoirm draenacha scagtha agus córais bithchoinneála, a laghdaíonn na rioscaí féideartha don cháilíocht uisce ó ghnáth-ábhar salaithe bóthair freisin. Coinneofar an bonneagar (córais draenála inbhuanaithe ina measc) ag na hÚdaráis Áitiúla agus beidh sé faoi réir a gcuid gnásanna bainistíochta le linn na Céime Oibríochtúla. Níl gá le maolú breise,

agus níltear ag súil le go mbeidh tionchair ar dhobharlach ar bith de barr na Céime Oibríochtúla den Scéim Bheartaithe.

## 8.9 Talún, Ithreacha, Geolaíocht & Hidreolaíocht

Bhí staidéar doiciméid ar eolas atá ar fáil go poiblí, fhiosrúcháin talún stairiúla agus réamhshuirbhé scéime mar chuid den mheasúnacht talún, ithreacha agus geolaíochta agus hidreolaíochta.

Den chuid is mó tá talamh réitithe thar ghlár agus till oighreach a thagann ó aolchloch atá faoi aolchloch sa gheolaíocht (ithreacha agus carraig) faoin gceantar staidéir den Scéim Bheartaithe. Úsáidtear an talún laistigh den cheantar staidéir go príomhá d'fhorbairtí uirbeacha, lena n-áirítear, ach nach dteorannaítear chuig; tionsclaíoch, tráchtála, cónaithe, agus fóillíochta.

Aicmítear uiscígh (ina stóráltar/táirgtear an screamhuisce) laistigh de limistéar staidéir na Scéime Molta mar 'Tábhachtach ar Bhonn Áitiúil' (measartha táirgiúil i gcriosanna áitiúla) nó 'Bocht' (neamhtháirgiúil go ginearálta ach amháin i gcás criosanna áitiúla), i dtaca lena chumas chun an t-uisce a tháirgeadh.

Toisc go bhfuil an Scéim Bheartaithe i dtimpeallacht uirbeach, tá an seans ann go mbeidh roinnt talún truaillithe sa cheantar staidéir. Dhírigh an mheasúnacht ar thalamh truaillithe ar an lorg agus go díreach ar an dá thaobh den Scéim Bheartaithe mura bhfuil sé dóchúil go mbeidh cosán ag ceangal foinse féideartha an truaillithe do lorg na Scéime Beartaithe le foinsí féideartha atá leagtha amach agus measta.

Áirítear ar na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn Chéim Tógála na Scéime Molta:

- Barrithir caillte nó damáiste;
- Tochailt talún a d'fhéadfadh sé a bheith truaillithe;
- Caillteanas taisce cairéil amach anseo;
- Codanna d'uiscíoch caillte nó damáiste/éillithe; agus
- Athrú ar an gcóras screamhuisce.

Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar ag aon iarmhairtí iarmharacha tógála ar an talamh ná ar ithreacha, an gheolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht. Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar ag aon iarmhairtí iarmharacha tógála ar an talamh ná ar ithreacha, an gheolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibriúcháin, áirítear na tionchair ionchasacha talún, ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta a bhaineann le hathruithe ar an soláthar uisce, chomh maith le truailliú an screamhuisce agus sruthchúrsaí.

Coinneofar an bonneagar le linn na Céime Oibríochtúla ag na hÚdaráis Áitiúla agus beidh sé faoi réir a gcuid gnásanna bainistíochta le cinntiú go nglactar na céimeanna cearta i gcás aon doirteadh tionóisceach agus laghdóidh sé seo an seans go mbeidh tionchar ar bith.

Táthar ag tuar nach mbeidh aon iarmhairtí iarmharacha oibríochta ar thalamh, ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht.

## 8.10 Oidhreacht Seandálaíochta agus Cultúrtha

Bhí athbhreithniú doiciméad ar cháipéisí foilsithe agus neamhfhoilsithe, léarscáiliú stairiúil agus suirbhé allamuigh i gceist leis an measúnacht oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha, agus rinneadh é de réir an dea-chleachtais agus na dtreoirlínte a bhaineann le hoidhreacht seandalaíochta agus cultúrtha.

Rithfidh an Scéim Bheartaithe thoir ó Bhóthar Bhaile Eoghain go dtí Lár na Cathrach, feadh na gcarrbhealaí dúbailte N4 agus R148, ag dul timpeall ar shráidbhaile stairiúil Shéipéil Iosóid. Baineann an raon rothar molta úsáid as codanna de Sheanbhóthar Leamhcáin ag Gleanntán an Choiréil agus Baile Phámar. Ritheann an bóthar N4 trí Ghleann Abhainn na Life, agus tríd an tírdhreach uirbeach agus fo-uirbeach comhaimseartha a cheileann an bun-topagrafaíocht, bhí ról suntasach ag an abhainn agus an dobharcheantar chun gníomhaíocht agus

lonnaíocht dhaonna a tharraingt ón tréimhse réamhstairiúil ar aghaidh. Deirtear go leanann an bóthar N4 seanbhealach thiar amach ó Bhaile Átha Cliath (tagann codanna den bhóthar níos sine a chuathas thart ar - an seanbhóthar Leamhcáin - slán in áiteanna), an *tSlí Mór*, ceann de na cúig phríomh-mhórbhealach a luaitear in Annála na gCeithre Mháistir sa chéad aois AD.

Tá seacht n-gné oidhreachta seandálaíochta ar na Taifid Shéadchomharthaí agus Áiteanna / Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí, cúig cheann dóibh ar Thaifead Oidhreachta Tionsclaíche Chathair Bhaile Átha Cliath, agus cúig shóchmhainne oidhreachta cultúrtha a bhfuil an seans ann go mbuailfí iad laistigh den Scéim Bheartaithe.

D'fhéadfadh na príomhthionchair fhéideartha ar an tseandálaíocht agus ar an oidhreacht chultúrtha mar thoradh ar oibreacha tógála tarlú mar gheall ar:

- Oibreacha tógála, deisiúcháin agus atógála ar chosáin;
- Oibreacha Athdromchlaithe Bóithre;
- Píliú; agus
- Aon tochailt ithreach, oibreacha tírdhreachaithe agus suaitheadh talún d'oibreacha fóntais ina measc, agus oibreacha grafa.

Tá an fhéidearthacht ann go bhfuiltear chun gnéithe seandálaíochta, nó ábhair agus taiscí seandálaíochta nach eol dúinn fúthu go dtí seo a aimsiú ar fad na Scéime Molta.

I measc na mbeart maolaithe a mholtar chun na tionchair diúltacha ar oidhreacht seandálaíochta agus cultúrtha le linn na Céime Tógála a sheachaint nó a mhaolú, tá soláthar agus maoiniú na n-oibreacha riachtanacha monatóireachta, scrúdaithe agus tochailte ó thaobh na seandálaíochta de a bheidh ag teastáil le linn agus roimh an tógáil.

Ní bheidh aon tionchair ón gCéime Oibriúcháin mar thoradh ar an Scéim atá Beartaithe agus ní gá aon mhaolú a dhéanamh.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe molta, táthar ag súil le tionchair iarmharacha ar bith ar oidhreacht seandálaíochta agus cultúrtha.

## 8.11 Oidhreacht Ailtireachta

Bhí staidéar doiciméad i gceist leis an measúnacht oidhreachta ailtireachta ina raibh athbhreithniú ar na cáipéisí foilsithe agus neamhfhoilsithe ábhartha ar fad atá ar fáil, agus suirbhéanna allamuigh, a rinneadh chun láithreáin oidhreachta ailtireachta atá ar eolas a aithint, agus chun gnéithe nach raibh taifeadta roimhe sin a aithint.

Tharraing Gleann na Life lonnaíocht sa réanna luatha, ach bhí carachtar tuaithe aige den chuid is mó, roimh chasadh an chéid 20ú. B'iad Baile Phámar, Séipéal Iosóid agus Cill Mhaighneann na lonnaíochtaí luatha suntasacha. Ba bhunaithe eaglasta iad Baile Phámar agus Séipéal Iosóid, iad araon sráidbhailte chois bhóthair measartha beag le roinnt forbairt tionsclaíoch luath, a thacaíodh leis ag muilte agus taraenna feadh bhruach na habhann. Bhí dhá chlachan ar leith ann go luath sa naoú haois déag arb iad Baile Phámar comhaimseartha. Feadh Sheanbhóthar Leamhcáin, bhí lonnaíocht líneach beag ann le séipéal agus scoil. An Pámar Ailred a thug a ainm do Bhaile Phámar. Idir 1185 agus 1188, chuir an Páma Ailred prióireacht agus ospidéal manachúil de Bhráithre Crutched ar bun taobh amuigh de Gheata Thiar Bhaile Átha Cliath. Tugtar Baile Phámar ar dhiméin Bhaile Phámar, an Institiúid Stewart ina dhiaidh sin (NIAH 2273) agus na bailte fearainn a bhaineann leis ar mhapaí de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis, ach ceadaíodh ainm an tsráidbhaile"Sráidbhaile Bhaile Phámar" go hoifigiúil ag cruinniú de chuid Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 2015. Lean Lána an Mhuilinn teorainn na diméine Bhaile Phámar ag ceangal an tsráidbhaile seo le lonnaíocht níos sine ag Muilte Bhaile Phámar, áit atá fothrach eaglaise meánaoisí (DU017-026001). Ba lonnaíocht meánaoiseach é sráidbhaile stairiúil Shéipéil Iosóid chomh maith, ag pointe trasnaithe tábhachtach ar an Life. Chuathas thairis san fhichiú aois agus tá sé lasmuigh den cheantar staidéir den chuid is mó.

Bhí struchtúr cosanta luath ann a rinneadh teach mór tuaithe de ina dhiaidh sin le tírdhréach diméine baintí. Is éard is diméin ann ná talamh a bhí ceangailte le 'teach mór', coinnithe ag an tiarna talún dá gcuid úsáid féin. Is iondúil gur chuimsigh sé coillearnacha, fearann páirce agus idir ghairdíní foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Rinneadh feirmeoireacht air de ghnáth, uaireanta cuireadh ballaí timpeall air agus i gcónaí bhí geataí agus tithe geata ann a bhí ceangailte leis an bpríomhtheach trí chabhsaí ilchasta a bhí deartha le dul i bhfeidhm ar dhaoine, chun an diméin agus an teach a thaispeáint chomh maith agus is féidir. Tá sraith diméinte ann i gcarachtar stairiúil tírdhreacha an cheantair staidéir idir Seanbhóthar Leamhcáin agus Abhainn na Life lena n-áirítear Nh Edmondsbury, Baile na Coille, Hermitage, Cnoc an Fhuaráin, Gleanntán an Choiréil, Plásóg an tSrutháin, Páirc an Bhaile Nua (Gleanntán na hAbhann), Baile Phámar, agus Inse Chór. Mothaítear oidhreacht na tírdhreach seo go láidir sa sráid-dreach comhaimseartha ag Baile na Coille, atá coinnithe mar thalamh feirme, an Hermitage atá in úsáid mar ghalfchúrsa, Gleanntán an Choiréil, Plásóg an tSrutháin agus Baile Phámar ach go háirithe. Coinnítear tithe stairiúla, cóireáil teorann agus fearann páirce sna tírdhreacha seo ar fad. Leagadh Teach Inse Chór san fhichiú haois, agus cuireadh isteach ar an diméin a bhí aige do thógail Sheachbhóthar Shéipéil Iosóid agus Bhóthar Coinn Colbaird, ach coinníodh an fearann páirce atá suite os cionn na habhann mar spás oscailte atá in úsáid mar chúrsa galf dhá mhaide agus páirceanna CLG, agus a rinneadh athfhorbairt pháirteach air mar Ghairdíní Cuimhneacháin Chogaidh na hÉireann.

